Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15708/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0359 (COD)**

**SIMPL 188**
**ANTICI 187**
**DATAPROTECT 308**
**CYBER 338**
**TELECOM 419**
**CODEC 1876**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 836 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2024/1689 agus (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le simpliú cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Omnibus Digiteach maidir leis an intleacht shaorga) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 836 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 836 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.11.2025
COM(2025) 836 final

2025/0359 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) 2024/1689 agus (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le simpliú cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Omnibus Digiteach maidir leis an intleacht shaorga)**

{SWD(2025) 836}

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hEoraip níos Simplí agus níos Tapúla ([1]), d'fhógair sé go bhfuil sé tiomanta do chlár uaillmhianach chun beartais nuálacha réamhbhreathnaitheacha a chur chun cinn lena neartaítear iomaíochas an Aontais Eorpaigh (AE) agus lena laghdaítear na hualaí rialála ar dhaoine, ar ghnólachtaí agus ar riaracháin, agus an caighdeán is airde á choinneáil aige an tráth céanna maidir lena luachanna a chur chun cinn.

Le Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga ('an Gníomh um an Intleacht Shaorga'), a tháinig i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2024, bunaítear margadh aonair le haghaidh intleacht shaorga iontaofa dhuine-lárnach ar fud an Aontais. Is é is cuspóir dó an nuálaíocht agus glacadh na hintleachta saorga a chur chun cinn agus ardleibhéal cosanta a áirithiú an tráth céanna don tsláinte, don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha, lena n-áirítear an daonlathas agus an smacht reachta.

Tagann an Gníomh um an Intleacht Shaorga i bhfeidhm i gcéimeanna, agus tagann na rialacha uile i bhfeidhm faoin 2 Lúnasa 2027. Tá feidhm cheana féin ag na toirmisc ar chleachtais intleachta saorga a bhfuil rioscaí do-ghlactha ag baint leo agus ag na hoibleagáidí maidir le samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha. Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag formhór na bhforálacha — go háirithe na forálacha sin lena rialaítear córais intleachta saorga ardriosca — go dtí an 2 Lúnasa 2026 nó an 2 Lúnasa 2027. Áirítear ar na forálacha sin ceanglais mhionsonraithe maidir le rialachas sonraí, trédhearcacht, doiciméadacht, formhaoirseacht dhaonna, agus stóinseacht, chun a áirithiú go mbeidh na córais intleachta saorga a chuirtear ar mhargadh an Aontais sábháilte, trédhearcach agus iontaofa.

Tá an Coimisiún tiomanta don Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme ar bhealach soiléir, simplí agus fabhrach don nuálaíocht, mar a leagtar amach sa **Phlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga**([2]) agus sa **Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga** ([3]). Le tionscnaimh amhail Cód Cleachtais um an Intleacht Shaorga Ilchuspóireach, treoirlínte agus teimpléid ón gCoimisiún, an Comhshocrú maidir leis an Intleacht Shaorga agus seoladh Dheasc Freastail an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, tugtar soiléireacht maidir leis na rialacha is infheidhme agus leis an tacaíocht dá gcur i bhfeidhm. Go háirithe, leis an suíomh gréasáin trína gcuirtear Deasc Freastail an Ghnímh um an Intleacht Shaorga ar fáil, cuirtear ardán faisnéise aonair ([4]) ar fáil maidir leis na hacmhainní uile atá ar fáil do pháirtithe leasmhara chun a mbealach a dhéanamh tríd an nGníomh um an Intleacht Shaorga, lena n-áirítear treoirlínte, údaráis náisiúnta agus tionscnaimh tacaíochta, seimineáir ghréasáin, agus caighdeáin chomhchuibhithe. Leanfar de na hiarrachtaí sin, agus tá tuilleadh treorach agus uirlisí digiteacha á n-ullmhú.

---

1 COM(2025) 47 final.
2 COM(2025) 165 final.
3 COM(2025) 723 final.
4 https://ai-act-service-desk.ec.europa.eu/

Trí chur leis an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme na bhforálacha is infheidhme cheana féin, reáchtáil an Coimisiún sraith comhairliúchán, lena n-áirítear comhairliúchán poiblí chun dúshláin a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint maidir le forálacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme, glao ar fhianaise mar ullmhúchán don Omnibus Digiteach, seiceáil réaltachta lenar féidir le páirtithe leasmhara a dtaithí cur chun feidhme a chomhroinnt go díreach agus painéal FBManna chun a riachtanais ar leith a shainaithint i gcur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga.

Léirítear sna comhairliúcháin sin **dúshláin cur chun feidhme** lena bhféadfaí teacht i bhfeidhm éifeachtach phríomhfhorálacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a chur i mbaol. Áirítear orthu sin moilleanna maidir le húdaráis inniúla náisiúnta agus comhlachtaí um measúnú comhréireachta a ainmniú, chomh maith le heaspa caighdeán comhchuibhithe le haghaidh cheanglais ardriosca, threoraíocht agus uirlisí comhlíontachta an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Le moilleanna den sórt sin, tá an baol ann go méadófar na costais chomhlíontachta go mór do ghnólachtaí agus d’údaráis phoiblí agus go gcuirfear moill ar an nuálaíocht.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá **bearta simpliúcháin spriocdhírithe** á moladh ag an gCoimisiún chun a áirithiú go gcuirfear forálacha áirithe den Ghníomh um an Intleacht Shaorga chun feidhme go tráthúil, go rianúil agus go comhréireach. Cuimsítear leo sin na nithe seo a leanas:

- **amlíne cur chun feidhme na rialacha ardriosca a nascadh** le hinfhaighteacht caighdeán nó uirlisí tacaíochta eile;
- **simpliúcháin rialála arna ndeonú d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a leathnú chuig fiontair mheánchaipitlithe bheaga**, lena n-áirítear ceanglais shimplithe maidir le doiciméadacht theicniúil agus aird ar leith a thabhairt ar phionóis a chur i bhfeidhm;
- ceangal a chur **ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit litearthacht intleachta saorga a chothú** seachas oibleagáid neamhshonraithe a fhorfheidhmiú ar sholáthraithe agus imlonnóirí córas intleachta saorga i ndáil leis sin, agus oibleagáidí oiliúna d’imlonnóirí ardriosca fós ann;
- **go mbeadh mó solúbthachta san fhaireachán iarmhargaidh** trí dheireadh a chur le saintreoir maidir le plean faireacháin comhchuibhithe iarmhargaidh;
- **an t-ualach clárúcháin a laghdú** do sholáthraithe córas intleachta saorga a úsáidtear i réimsí ardriosca ach ar tháinig an soláthraí ar an gconclúid ina leith nach mbaineann ardriosca leo toisc nach n-úsáidtear iad ach amháin le haghaidh cúraimí cúnga nó cúraimí nós imeachta;
- **Maoirseacht a lárú** ar líon mór córas intleachta saorga atá bunaithe ar shamhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha nó leabaithe in ardáin an-mhór ar líne agus in innill chuardaigh an-mhór leis an Oifig um Intleacht Shaorga;
- **comhlíonadh na ndlíthe maidir le cosaint sonraí a éascú** trí chead a thabhairt do sholáthraithe agus d’imlonnóirí na gcóras agus na samhlacha intleachta saorga uile catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil chun brath agus ceartú claontachta a áirithiú, agus na coimircí iomchuí acu;
- **úsáid níos leithne a bhaint as boscaí gainimh rialála intleachta saorga agus as tástáil fíordhálaí**, rud a rachaidh chun tairbhe do phríomhthionscail Eorpacha amhail an tionscal gluaisteán, agus lena n-éascófar bosca gainimh rialála intleachta

saorga ar leibhéal an Aontais a chuirfidh an Oifig um Intleacht Shaorga ar bun ó 2028 ar aghaidh;

- athruithe spriocdhírithe lena soiléirítear **an t-idirghníomhú idir an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus reachtaíocht eile an Aontais** agus lena gcoigeartaítear nósanna imeachta an Ghnímh um an Intleacht Shaorga chun cur chun feidhme agus oibriú foriomlán an Ghnímh a fheabhsú.

Sa bhreis ar na bearta reachtacha, tá **bearta breise á ndéanamh ag an gCoimisiún chun comhlíonadh an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a éascú agus chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir páirtithe leasmhara in iúl**. Tá tuilleadh treoraíochta á hullmhú, lena ndírítear ar threoracha soiléire praiticiúla a chur ar fáil chun an Gníomh um an Intleacht Shaorga a chur i bhfeidhm i gcomhthráth le reachtaíocht eile an Aontais. Áirítear sa mhéid sin:

- Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil an aicmithe ardriosca;
- Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil na gceanglas trédhearcachta faoi Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga;
- Treoir maidir le tuairisciú ar theagmhais thromchúiseacha ag soláthraithe córas intleachta saorga ardriosca;
- Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil na gceanglas ardriosca;
- Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil na n-oibleagáidí atá ar sholáthraithe agus imlonnóirí córas intleachta saorga ardriosca;
- Treoirlínte ag a bhfuil teimpléad don mheasúnú tionchair ar chearta bunúsacha;
- Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil na rialacha maidir le freagrachtaí feadh shlabhra luacha na hintleachta saorga;
- Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil na bhforálacha a bhaineann le modhnú substaintiúil;
- Treoirlínte maidir le faireachán iarmhargaidh a dhéanamh ar chórais intleachta saorga ardriosca;
- Treoirlínte maidir leis na gnéithe den chóras bainistíochta cáilíochta a fhéadfaidh FBManna agus fiontair mheánchaipitlithe bheaga a chomhlíonadh ar bhealach simplithe;
- Treoirlínte maidir le hidirghníomhú an Ghnímh um an Intleacht Shaorga le reachtaíocht eile an Aontais, mar shampla treoirlínte comhpháirteacha ón gCoimisiún agus ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir leis an idirghníomhú idir an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, treoirlínte maidir leis an idirghníomhú idir an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus an Gníomh um Chibear-Athléimneacht, agus treoirlínte maidir leis an idirghníomhú idir an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus an Rialachán maidir le hInnealra;
- Treoirlínte maidir leis na hinniúlachtaí agus an nós imeachta ainmniúcháin le haghaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá le hainmniú faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga.

Go háirithe, léiríodh sna comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara gur gá **treoir a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil dhíolúintí taighde an Ghnímh um an Intleacht Shaorga** faoi Airteagal 2(6) agus (8), lena n-áirítear an chaoi a bhfuil feidhm acu i

gcomhthéacsanna earnála amhail an taighde réamhchliniciúil agus forbairt táirgí i réimse na dtáirgí íocshláinte nó na bhfeistí leighis, a n-oibreoidh an Coimisiún orthu mar thosaíocht.

Leis na hiarrachtaí simpliúcháin sin, cuideofar lena áirithiú go mbeidh cur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga rianúil, intuartha agus fabhrach don nuálaíocht, rud a chuirfidh ar chumas na hEorpa a seasamh mar mhór-roinn na hintleachta saorga a neartú agus cur chuige 'tús áite don intleacht shaorga' a shaothrú go sábháilte.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra mar chuid de Phacáiste Digiteach níos leithne maidir le Simpliú atá comhdhéanta de bhearta chun na costais riaracháin a bhaineann le comhlíonadh a laghdú do ghnólachtaí agus do riaracháin san Aontas, pacáiste a bhfuil feidhm aige maidir le roinnt rialachán de *acquis* digiteach an Aontais gan cuspóirí na rialacha foluiteacha a chur i mbaol. Leis an togra, cuirtear le Rialachán (AE) 2024/1689 agus tá sé ailínithe le beartais atá ann cheana chun ceannaire domhanda in IS a dhéanamh den Aontas, chun mór-roinn IS a dhéanamh den Aontas agus chun glacadh IS atá duine-lárnach agus iontaofa a chur chun cinn.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra mar chuid de shraith pacáistí simpliúcháin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

Is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo i gcomhréir leis an mbunús dlí bunaidh maidir le glacadh na ngníomhartha dlí, arb é is aidhm don togra seo iad a leasú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Glacadh Rialachán (AE) 2024/1689 ar leibhéal an Aontais. Dá réir sin, ní mór leasuithe a dhéanamh ar an Rialachán sin ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Ní théann an tionscnamh thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an tsimpliúcháin agus an laghdaithe ualaigh a bhaint amach gan cosaint na sláinte, na sábháilteachta agus na gceart bunúsach a ísliú.

- **An rogha ionstraime**

Leasaítear leis an togra Rialachán (AE) 2024/1689 arna ghlacadh tríd an ngnáthnós imeachta reachtach. Dá bhrí sin, ní mór na leasuithe ar an Rialachán sin a ghlacadh freisin le rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ag gabháil leis an togra ina dtugtar forléargas mionsonraithe ar thionchar na leasuithe atá beartaithe ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) 2024/1689. Cuirtear anailís ar fáil ann freisin ar thionchair dhearfacha na

mbeart atá beartaithe. Tá an anailís bunaithe ar shonraí atá ann cheana, ar fhaisnéis a bailíodh trí chomhairliúcháin agus le linn seiceáil réaltachta agus trí aiseolas i scríbhinn ó pháirtithe leasmhara trí ghlao ar fhianaise.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinneadh roinnt comhairliúchán i gcomhthéacs an togra. Bhí siad uile ina gcomhlánú ar a chéile, agus tugadh aghaidh iontu ar shaincheisteanna tráthúla éagsúla nó ar ghrúpaí páirtithe leasmhara a mbaineann an tionscnamh leo.

Sa chéad chéim scóipe den Phacáiste Digiteach maidir le Simpliú, foilsíodh trí chomhairliúchán phoiblí agus glaonna ar fhianaise maidir le príomhshnáitheanna an togra in earrach 2025. Reáchtáladh comhairliúchán maidir leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga ón 9 Aibreán go dtí an 4 Meitheamh 2025([5]), comhairliúchán eile maidir leis an athbhreithniú ar an nGníomh um Chibearshlándáil ón 11 Aibreán go dtí an 20 Meitheamh 2025([6]), agus ar deireadh, comhairliúchán eile maidir leis an Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach ón 23 Bealtaine go dtí an 20 Iúil 2025([7]). I ngach comhairliúchán, áiríodh ceistneoir ina raibh roinn (nó níos mó ná roinn amháin uaireanta) maidir le hábhair imní a bhaineann le cur chun feidhme agus simpliú, a bhain go díreach leis an machnamh ar an bPacáiste Digiteach maidir le Simpliú. I dteannta a chéile, fuarthas 718 bhfreagra mar chuid den chéad chleachtadh comhairliúcháin sin.

Ón 16 Meán Fómhair go dtí an 14 Deireadh Fómhair 2025, foilsíodh glao ar fhianaise faoin bPacáiste Digiteach maidir le Simpliú ina dhiaidh sin([8]). Ba é ab aidhm dó raon feidhme iomlán an tionscnaimh a chumhdach agus deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le sraith tograí níos spriocdhírithe in aon iarracht amháin. Fuarthas 513 fhreagra san iomlán, ó réimse leathan páirtithe leasmhara.

D'fhonn feasacht a mhúscailt maidir leis an bPacáiste Digiteach maidir le Simpliú i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus a n-aiseolas a bhailiú, eagraíodh Painéal tiomnaithe FBManna tríd an Líonra Fiontar Eorpach (EEN) idir an 4 Meán Fómhair agus an 16 Deireadh Fómhair 2025. Is é EEN an líonra tacaíochta is mó ar domhan do FBManna agus is í Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA) de chuid an Choimisiúin a chuireann chun feidhme é. Is bealach iad Painéil FBManna chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara a thagann faoin gcreat sin. Bíonn an deis ag FBManna a dtuairimí a chur in iúl maidir le tionscnaimh bheartais atá ar na bacáin. Chomh maith leis an gcomhairliúchán i scríbhinn ar líne (ina bhfuarthas 106 fhreagra ó FBManna), chuir an Coimisiún an Pacáiste Digiteach maidir le Simpliú i láthair freisin do chomhlachais FBManna atá mar chuid de EEN, ag cruinniú a bhí ar siúl an 1 Deireadh Fómhair 2025.

---

5 An Coimisiún Eorpach (2025) *Glao ar fhianaise maidir leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga*. Le fáil ag: [Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga – mór-roinn na hintleachta saorga a neartú]

6 An Coimisiún Eorpach (2025) *Glao ar fhianaise maidir leis an athbhreithniú ar an nGníomh um Chibearshlándáil*. Le fáil ag: [Gníomh an Aontais um Chibearshlándáil]

7 An Coimisiún Eorpach (2025) *Glao ar fhianaise maidir leis an Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach.* Le fáil ag: [Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach]

8 An Coimisiún Eorpach (2025) *Glao ar fhianaise maidir leis an bpacáiste digiteach agus omnibus*. Le fáil ag: [Simpliú – pacáiste digiteach agus omnibus]

D'eagraigh seirbhísí an Choimisiúin líon mór cruinnithe déthaobhacha le páirtithe leasmhara in 2025, chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní shonracha. Tionóladh plé leis na Ballstáit freisin. Chomh maith le malartuithe déthaobhacha, pléadh pointí sonracha ar an gclár oibre faoin bPacáiste Simpliúcháin Dhigitigh ag Meithleacha na Comhairle i mí an Mheithimh agus i mí Mheán Fómhair 2025, inar chuir an Coimisiún an staid reatha i láthair agus inar iarr sé ar na Ballstáit a dtuairimí a chur in iúl.

Ar an iomlán, tháinig aiseolas ó pháirtithe leasmhara le chéile maidir leis an ngá atá le roinnt de na rialacha digiteacha a chur i bhfeidhm ar bhealach simplithe. Thacaigh réimse leathan páirtithe leasmhara den chuid is mó le comhleanúnachas níos fearr, agus le fócas ar bharrfheabhsú na gcostas comhlíontachta. Cuireadh roinnt difríochtaí idir tuairimí in iúl maidir le roinnt de na bearta níos saincheaptha. Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an bPacáiste Digiteach maidir le Simpliú, is féidir teacht ar fhorléargas níos mionsonraithe ar na comhairliúcháin sin leis na páirtithe leasmhara, agus ar an gcaoi ar léiríodh sa togra iad.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Sa bhreis ar an gcomhairliúchán a leagtar amach thuas, bhraith an Coimisiún go príomha ar a anailís inmheánach féin chun críoch an togra seo.

- **Measúnú tionchair**

Is de chineál teicniúil iad na leasuithe a chuirtear chun cinn sa togra. Tá siad ceaptha chun cur chun feidhme níos éifeachtúla na rialacha a comhaontaíodh cheana ar an leibhéal polaitiúil a áirithiú. Níl aon rogha beartais ann a d'fhéadfaí a thástáil ná a chur i gcomparáid go fóinteach i dtuarascáil ar an measúnú tionchair.

Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo, scrúdaítear an réasúnaíocht atá leis na leasuithe agus leagtar amach ann tuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir leis na bearta éagsúla. Cuirtear i láthair ann freisin an coigilteas costais agus cineálacha eile tionchair a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an togra. I roinnt mhaith cásanna, cuireann sé leis na measúnuithe tionchair a rinneadh ar dtús le haghaidh Rialachán (AE) 2024/1689.

Dá bhrí sin, is pointe tagartha é an doiciméad inmheánach oibre chun bonn eolais a chur faoi dhíospóireacht Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an togra, chomh maith leis an bpobal, ar bhealach soiléir agus rannpháirteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is é is aidhm don togra laghdú nach beag a dhéanamh ar an ualach riaracháin ar ghnólachtaí, ar riaracháin náisiúnta agus ar an bpobal i gcoitinne. Meastar sna meastacháin tosaigh go bhféadfaí ≈ **EUR 297,2 go 433,2 milliún** a shábháil. Tá coinne le tairbhí neamh-inchainníochtaithe freisin, go háirithe mar gheall ar shraith chuíchóirithe rialacha lena n-éascófar comhlíonadh agus forfheidhmiú na rialacha sin.

Baineann FBManna tairbhe cheana féin as pribhléidí rialála faoi Rialachán (AE) 2024/1689. Déantar roinnt pribhléidí rialála a thugtar cheana féin do FBManna a leathnú chuig fiontair mheánchaipitlithe bheaga. Ós rud é go bhfuil tionchar níos mó ag an ualach comhlíontachta ar FBManna agus ar fhiontair mheánchaipitlithe bheaga, tá coinne leis go mbainfidh siad tairbhe ar leith as na bearta simpliúcháin sin.

Tá an togra comhsheasmhach le 'Seiceáil Oiriúnachta Digití don leabhar rialacha digiteacha' de chuid an Choimisiúin, arb é is aidhm di tograí beartais atá ailínithe i gceart le

fíorthimpeallachtaí digiteacha a áirithiú (féach Caibidil 4 maidir leis an Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach).

- **Cearta bunúsacha**

Le Rialachán (AE) 2024/1689, meastar go gcuirfear chun cinn cosaint roinnt ceart bunúsach agus saoirsí bunúsacha a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh([9]), agus go mbeidh tionchar dearfach aige ar chearta roinnt grúpaí speisialta([10]). An tráth céanna, le Rialachán (AE) 2024/1689 forchuirtear roinnt srianta ar chearta agus saoirsí áirithe([11]), atá comhréireach agus teoranta don íosmhéid is gá. Ní mheastar go modhnófar leis an togra tionchar Rialachán (AE) 2024/1689 ar chearta bunúsacha ós rud é nach ndéanann cineál spriocdhírithe na leasuithe atá beartaithe difear do raon feidhme na gcóras intleachta saorga rialáilte ná do na ceanglais shubstainteacha is infheidhme maidir leis na córais sin.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leasaítear leis an togra córas maoirseachta agus forfheidhmiúcháin Rialachán (AE) 2024/1689, lena n-aistreofar maoirseacht ar chórais intleachta saorga áirithe chuig Oifig an Choimisiúin um Intleacht Shaorga. Ina theannta sin, chun comhlíonadh oibreoirí a éascú, ba cheart don Oifig um Intleacht Shaorga bosca gainimh rialála intleachta saorga ar leibhéal an Aontais a chur ar bun. Chun na cúraimí nua sin a chur chun feidhme, beidh na hacmhainní iomchuí ag teastáil ón gCoimisiún, agus meastar go mbeidh an méid sin ag 53 FTE, ar féidir 15 FTE de a chumhdach trí ath-imlonnú inmheánach. Ní mór na himpleachtaí sin a mheas i gcomhthéacs na n-impleachtaí buiséadacha laghdaithe do na Ballstáit nach gá dóibh maoirseacht a áirithiú a thuilleadh do na córais intleachta saorga áirithe sin. Tugtar forléargas mionsonraithe ar na costais a bhaineann leis an aistriú inniúlachtaí sin sa 'Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach' a ghabhann leis an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme, ar chur i bhfeidhm agus ar chomhlíonadh na bhforálacha nua. Thairis sin, déantar meastóireacht go tráthrialta ar an Rialachán a leasaítear leis an togra seo maidir lena éifeachtúlacht, a éifeachtacht maidir lena

---

[9] Go mionsonrach: an ceart chun dínit an duine (Airteagal 1), meas ar an saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta (Airteagail 7 agus 8), neamh-idirdhealú (Airteagal 21) agus comhionannas idir mná agus fir (Airteagal 23), an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh (Airteagal 11) agus an tsaoirse comhthionóil (Airteagal 12), an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, cearta na cosanta, agus toimhde na neamhchiontachta (Airteagail 47 agus 48), an ceart chun ardleibhéal cosanta don comhshaol agus chun feabhsú cháilíocht an chomhshaoil(Airteagal 37).

[10] Go mionsonrach: cearta oibrithe chun dálaí oibre cothroma agus córa (Airteagal 31), ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí (Airteagal 28), cearta an linbh (Airteagal 24) agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas (Airteagal 26).

[11] Go mionsonrach: an tsaoirse chun gnó a sheoladh (Airteagal 16) agus saoirse na healaíne agus na heolaíochta (Airteagal 13).

chuspóirí a bhaint amach, a ábharthacht, a chomhleanúnachas agus a bhreisluach i gcomhréir le prionsabail an Aontais maidir le rialáil níos fearr. Ní cheanglaítear plean cur chun feidhme leis an togra seo.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1 leasaítear Rialachán (AE) 2024/1689 ('an Gníomh um an Intleacht Shaorga'). Go háirithe,

- Cuirtear tagairt isteach i mír 1 do FMBanna in ábhar an Ghnímh um an Intleacht Shaorga.
- Is athrú teicniúil é mír 2 a bhfuil gá leis chun gur féidir an tástáil faoi fhíordhálaí domhanda a leathnú chuig córais intleachta saorga ardriosca atá leabaithe i dtáirgí a chumhdaítear faoi Roinn B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga.
- I mír 3, cuirtear sainmhínithe dlíthiúla le haghaidh FBManna agus fiontair mheánchaipitlithe bheaga leis na sainmhínithe in Airteagal 3 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.
- I mír 4, déantar an oibleagáid atá ar sholáthraithe agus imlonnóirí córas intleachta saorga maidir le litearthacht intleachta saorga in Airteagal 4 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a athrú ina hoibleagáid ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit litearthacht intleachta saorga a chothú.
- I mír 5 tugtar, isteach Airteagal 4a nua, a chuirtear in ionad Airteagal 10(5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, lena soláthraítear bunús dlí do sholáthraithe agus d'imlonnóirí córas intleachta saorga agus samhlacha intleachta saorga chun catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil go heisceachtúil chun brath agus ceartú claontachta a áirithiú faoi choinníollacha áirithe.
- Tagraítear i míreanna 6, 14 agus 32 do scriosadh na hoibleagáide atá ar sholáthraithe córais intleachta saorga a chlárú i mbunachar sonraí an Aontais le haghaidh córais ardriosca faoi Iarscríbhinn III, i gcás ina ndíolmhaíodh iad ó aicmiú mar chórais ardriosca faoi Airteagal 6(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, toisc, mar shampla, nach n-úsáidtear iad ach amháin le haghaidh cúraimí ullmhúcháin.
- I mír 7, tá athruithe eagarthóireachta leantacha ar na leasuithe a rinneadh i mír 4.
- I míreanna 8 agus 9, leathnaítear pribhléidí rialála an Ghnímh um an Intleacht Shaorga atá ann cheana do FBManna chun fiontair mheánchaipitlithe bheaga a chumhdach maidir le doiciméadacht theicniúil agus córas bainistíochta cáilíochta a chur i bhfeidhm lena gcuirtear a méid san áireamh.
- I mír 10 tugtar nós imeachta nua isteach in Airteagal 28 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, lena gceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar an deis do chomhlacht um measúnú comhréireachta a dhéanann iarratas ar ainmniú faoin Rialachán seo agus faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais araon a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga iarratas aonair a chur isteach agus dul faoi nós imeachta measúnaithe aonair atá le hainmniú.

- I mír 11, moltar mír 4 d'Airteagal 29 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a ionadú lena gceanglaítear ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta iarratas aonair a chur isteach sna cásanna dá dtagraítear sa mhír sin.
- I mír 12, leasaítear Airteagal 30 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga trína cheangal ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta a dhéanann iarratas ar ainmniú mar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra, an t-iarratas sin a dhéanamh i gcomhréir leis na cóid, na catagóirí agus na cineálacha comhfhreagracha córas intleachta saorga dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIV nua le haghaidh chóras faisnéise an Choimisiúin maidir le Cur Chuige Nua i leith Eagraíochtaí faoina dtugtar Fógra agus Eagraíochtaí Ainmnithe ('NANDO'), agus tugtar de chumhacht don Choimisiún na cóid, na catagóirí agus na cineálacha comhfhreagracha sin a leasú i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta.
- Soiléirítear i mír 13 an nós imeachta um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 43 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga i gcás ina gcumhdaítear córas intleachta saorga ardriosca le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear faoi Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus i gcás ina n-aicmítear córas intleachta saorga mar chóras ardriosca faoi Iarscríbhinní I agus III araon a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga.
- I míreanna 15 agus 16, cuirtear deireadh le cumhachtú an Choimisiúin in Airteagail 50 agus 56 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun cóid chleachtais a thabhairt le haghaidh samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha agus oibleagáidí trédhearcachta le haghaidh córais intleachta saorga áirithe a bhfuil bailíocht ghinearálta acu san Aontas.
- I mír 17 tugtar isteach leasuithe ar na rialacha maidir le boscaí gainimh rialála intleachta saorga in Airteagal 57 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, *inter alia*, tríd an mbunús dlí a sholáthar don Oifig um Intleacht Shaorga chun bosca gainimh rialála intleachta saorga a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais le haghaidh córais intleachta saorga áirithe laistigh dá hinniúlacht eisiach maoirseachta agus trína cheangal ar na Ballstáit comhar trasteorann a mboscaí gainimh a neartú.
- I mír 18, sonraítear cumhachtú an Choimisiúin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear na socruithe mionsonraithe maidir le bunú, forbairt, cur chun feidhme, oibriú, rialachas agus maoirseacht boscaí gainimh rialála intleachta saorga.
- I mír 19 tugtar athruithe isteach ar thástáil córas intleachta saorga ardriosca i bhfíordhálaí lasmuigh de bhoscaí gainimh rialála intleachta saorga arna rialú le hAirteagal 60 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, *inter alia* an deis sin a leathnú chuig córais intleachta saorga ardriosca a chumhdaítear le Roinn A d'Iarscríbhinn I.
- I mír 20, cruthaítear bunús dlí breise do na Ballstáit leasmhara agus don Choimisiún, ar bhonn deonach, chun comhaontuithe i scríbhinn a dhéanamh chun córais intleachta saorga ardriosca dá dtagraítear i Roinn B d'Iarscríbhinn I a thástáil i bhfíordhálaí.
- I mír 21, leathnaítear an maolú ó mhicrifhiontair chuig FBManna chun gnéithe áirithe den chóras bainistíochta cáilíochta a cheanglaítear le hAirteagal 17 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh ar bhealach simplithe.
- I mír 22 cuirtear deireadh le cumhachtú an Choimisiúin in Airteagal 69 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gníomh cur chun feidhme a ghlacadh maidir le haisíocaíocht

le saineolaithe an phainéil eolaíoch nuair a iarrann na Ballstáit ar na saineolaithe sin, chun an nós imeachta a shimpliú.

- I mír 23, leathnaítear fócas na treorach a fhéadfaidh údaráis náisiúnta a sholáthar ó FBManna chuig fiontair mheánchaipitlithe bheaga.
- Cuirtear mír 24 in ionad chumhacht an Choimisiúin in Airteagal 72 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gníomh cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an bplean faireacháin iarmhargaidh.
- I mír 25, déantar leasuithe ar mhaoirseacht agus ar fhorfheidhmiú córas intleachta saorga áirithe in Airteagal 75 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga:
  - Athraítear an ceannteideal i bpointe (a).
  - I bpointe (b), treisítear inniúlacht na hOifige um Intleacht Shaorga maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú córas intleachta saorga áirithe, atá bunaithe ar shamhail intleachta saorga ilchuspóireach, i gcás ina soláthraíonn an soláthraí céanna an tsamhail agus an córas. An tráth céanna, soiléirítear leis an bhforáil nach n-áirítear córais intleachta saorga a bhaineann le táirgí a chumhdaítear faoi Iarscríbhinn I sa mhaoirseacht sin. Thairis sin, soiléirítear gur cheart maoirseacht agus forfheidhmiú chomhlíontacht na gcóras intleachta saorga atá leabaithe in ardáin an-mhór ar líne ainmnithe nó in innill chuardaigh an-mhór ar líne ainmnithe a theacht faoi inniúlacht na hOifige um Intleacht Shaorga.
  - I bpointe (c) tugtar roinnt míreanna nua isteach, lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun cumhachtaí forfheidhmiúcháin agus na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí sin de chuid na hOifige um Intleacht Shaorga a shainiú, lena dtugtar isteach tagairt do Rialachán (AE) 2019/1020 lena n-áirithítear go mbeidh feidhm ag coimircí nós imeachta áirithe maidir le soláthraithe a chumhdaítear agus lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún measúnuithe comhréireachta a dhéanamh ar chórais intleachta saorga faoi raon feidhme Airteagal 75.
- I mír 26, leasaítear Airteagal 77 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a mhéid a bhaineann le cumhachtaí údarás nó comhlachtaí a chosnaíonn cearta bunúsacha agus comhar le húdaráis faireachais margaidh.
- I míreanna 27 agus 28, leathnaítear na forálacha in Airteagail 95 agus 96 lena gceanglaítear gur cheart riachtanais FBManna agus fiontair mheánchaipitlithe bheaga a chur san áireamh in uirlisí tacaíochta deonaí.
- I mír 29, leathnaítear na pribhléidí rialála atá ann cheana in Airteagal 99 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le pionóis do FBManna chuig fiontair mheánchaipitlithe bheaga.
- I mír 30, tá leasuithe ar Airteagal 111 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a eascraíonn as leasuithe a rinneadh i mír 30 agus tugtar isteach idirthréimhse 6 mhí do sholáthraithe ar gá dóibh réitigh theicniúla a áireamh go cúlghabhálach ina gcórais intleachta saorga giniúnaí, chun go mbeidh siad inléite agus inbhraite ag meaisín mar a ghintear nó a ionramháladh go saorga.
- I mír 31, tugtar athruithe isteach ar theacht i bhfeidhm forálacha áirithe den Ghníomh um an Intleacht Shaorga:

- Maidir leis na hoibleagáidí le haghaidh córais intleachta saorga ardriosca i gCaibidil III, tugtar isteach sásra lena nasctar an teacht i bhfeidhm le hinfhaighteacht beart chun tacú le comhlíonadh rialacha ardriosca an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, amhail caighdeáin chomhchuibhithe, sonraíochtaí coiteanna, agus treoirlínte ón gCoimisiún. Dearbhóidh an Coimisiún an infhaighteacht sin le cinneadh, agus ina dhiaidh sin beidh feidhm ag na rialacha maidir le córais intleachta saorga ardriosca tar éis idirthréimhse iomchuí. Mar sin féin, níor cheart feidhm a bheith ag an tsolúbthacht sin ach ar feadh tréimhse theoranta agus ba cheart dáta cinnte a shocrú faoina mbeidh feidhm ag na rialacha in aon chás. Thairis sin, is iomchuí idirdhealú a dhéanamh idir an dá chineál córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca agus síneadh a chur le hidirthréimhse níos faide chun córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca a chumhdach de bhun Airteagal 6(1) agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga.
- Soiléirítear go mbeidh feidhm ag na leasuithe is gá chun na ceanglais ardriosca a chomhtháthú sa dlí earnálach a liostaítear i Roinn B d’Iarscríbhinn I le teacht i bhfeidhm an Omnibus Dhigitigh.

- Baineann mír 33 leis an athrú i mír 11 agus tugtar isteach inti Iarscríbhinn XIV nua ina leagtar amach cóid, catagóirí agus cineálacha comhfhreagracha córas intleachta saorga dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIV nua le haghaidh chóras faisnéise an Choimisiúin maidir le Cur Chuige Nua i leith Eagraíochtaí faoina dTugtar Fógra agus Eagraíochtaí Ainmnithe (‘NANDO’).

Déantar leasuithe in Airteagal 2 maidir le Rialachán (AE) 2018/1139, chun gur féidir ceanglais ardriosca an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a chomhtháthú go rianúil sa Rialachán sin.

Foráiltear in Airteagal 3 don riail maidir le teacht i bhfeidhm agus do chineál ceangailteach an Rialacháin seo.

2025/0359 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) 2024/1689 agus (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le simpliú cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Omnibus Digiteach maidir leis an intleacht shaorga)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (IS) agus is é is aidhm dó feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, glacadh na hintleachta saorga dhuine-lárnach agus iontaofa a chur chun cinn, agus ardleibhéal cosanta don tsláinte, don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha á áirithiú agus tacaíocht á tabhairt don nuálaíocht an tráth céanna. Tháinig Rialachán (AE) 2024/1689 i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2024. Tiocfaidh forálacha an Rialacháin i bhfeidhm ar bhealach céimnithe, agus tiocfaidh na rialacha uile i bhfeidhm faoin 2 Lúnasa 2027.

(2) Leis an taithí a fuarthas maidir le cur chun feidhme na gcodanna de Rialachán (AE) 2024/1689 a tháinig i bhfeidhm cheana féin, is féidir bonn eolais a chur faoi chur chun feidhme na gcodanna sin atá fós le cur i bhfeidhm. Sa chomhthéacs sin, mar thoradh ar ullmhú moillithe caighdeán, lenar cheart réitigh

1 IO C , , lch. .
2 IO C , , lch. .
3 Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

theicniúla a chur ar fáil do sholáthraithe córas intleachta saorga ardriosca chun a áirithiú go gcomhlíonfar a n-oibleagáidí faoin rialachán sin, agus bunú moillithe na gcreataí rialachais agus measúnaithe comhréireachta ar an leibhéal náisiúnta, tá ualach comhlíontachta ann atá níos troime ná mar a raibh coinne leis. Ina theannta sin, léiríodh i gcomhairliúcháin a rinneadh leis na páirtithe leasmhara go bhfuil gá le bearta breise lena n-éascaítear agus lena soláthraítear soiléiriú maidir le cur chun feidhme agus comhlíonadh, gan laghdú a dhéanamh ar an leibhéal cosanta don tsláinte, don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha ar rioscaí a bhaineann leis an intleacht shaorga, leibhéal cosanta a bhféachtar lena bhaint amach le rialacha Rialachán (AE) 2024/1689.

(3) Dá bhrí sin, tá gá le leasuithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2024/1689 chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin cur chun feidhme áirithe, d'fhonn na rialacha ábhartha a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

(4) Tá ról ríthábhachtach i ngeilleagar an Aontais ag fiontair a sháraíonn an sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna') — na 'fiontair mheánchaipitlithe bheaga' ('FMBanna'). I gcomparáid le FBManna, is gnách go mbaineann luas níos airde fáis le fiontair mheánchaipitlithe bheaga, agus go mbaineann leibhéal níos airde nuálaíochta agus digitithe leo. Mar sin féin, tá dúshláin rompu atá cosúil leis na dúshláin atá roimh FBManna maidir leis an ualach riaracháin, rud a fhágann go bhfuil gá le comhréireacht i gcur chun feidhme Rialachán (AE) 2024/1689 agus le tacaíocht spriocdhírithe. Chun aistriú rianúil fiontar ó bheith ina FBManna le bheith ina bhfiontair mheánchaipitlithe bheaga a chumasú, tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar bhealach comhleanúnach ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag an rialáil ar a ngníomhaíocht nuair a sháraíonn na fiontair sin deighleog na FBManna agus nuair a bhíonn orthu aghaidh a thabhairt ar rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le fiontair mhóra. Le Rialachán (AE) 2024/1689 déantar foráil maidir le roinnt beart do sholáthraithe ar mhionscála, ar cheart iad a leathnú chuig fiontair mheánchaipitlithe bheaga. Chun soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitear le FBManna agus le fiontair mheánchaipitlithe bheaga i Rialachán (AE) 2024/1689, is gá sainmhínithe a thabhairt isteach le haghaidh FBManna agus fiontair mheánchaipitlithe bheaga, ar sainmhínithe iad ba cheart a bheith ag comhfhreagairt don sainmhíniú a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[4] agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2025/3500/CE ón gCoimisiún[5].

(5) Faoi láthair, le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2024/1689, forchuirtear oibleagáid ar sholáthraithe agus ar imlonnóirí uile na gcóras intleachta saorga chun litearthacht intleachta saorga a bhfoirne a áirithiú. An fhorbairt litearthachta intleachta saorga, ag tosú leis an oideachas agus an oiliúint agus ag leanúint ar aghaidh ar bhealach

[4] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lgh. 36–41, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj).

[5] Moladh (AE) 2025/1099 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2025 maidir leis an sainmhíniú ar fhiontair mheánchaipitlithe bheaga (IO L, 2025/1099, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2025/1099/oj).

foghlama ar feadh an tsaoil, tá sí ríthábhachtach chun an t-eolas is gá a thabhairt do sholáthraithe, d'imlonnóirí agus do dhaoine eile a ndéantar difear dóibh chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le cur in úsáid córas intleachta saorga. Mar sin féin, léirítear leis an taithí a roinn na páirtithe leasmhara nach bhfuil réiteach 'a oireann do chách' oiriúnach do gach cineál soláthraí agus imlonnóra maidir le litearthacht intleachta saorga a chur chun cinn, rud a fhágann go bhfuil oibleagáid chothrománach den sórt sin neamhéifeachtach i ndáil le baint amach an chuspóra a shaothraítear leis an bhforáil sin. Thairis sin, léirítear le sonraí go gcruthaítear ualach breise comhlíontachta le forchur oibleagáide den sórt sin, go háirithe d'fhiontair bheaga, cé gur cheart an litearthacht intleachta saorga a bheith ina tosaíocht straitéiseach, gan beann ar oibleagáidí rialála agus smachtbhannaí a d'fhéadfadh a bheith ann. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2024/1689 a leasú chun a cheangal ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, gan dochar dá n-inniúlachtaí féin, soláthraithe agus imlonnóirí a spreagadh, ina n-aonar, i dteannta a chéile agus i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha, chun leibhéal leordhóthanach litearthachta intleachta saorga a sholáthar dá bhfoireann agus do dhaoine eile a bhíonn ag déileáil le hoibriú agus úsáid córas intleachta saorga thar a gceann, lena n-áirítear trí dheiseanna oiliúna a thairiscint, trí acmhainní faisnéise a sholáthar, agus trí mhalartú dea-chleachtas a cheadú agus trí thionscnamh eile nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí. Áiritheoidh an Bord Eorpach um an Intleacht Shaorga ('an Bord') go mbeidh malartú ann go tráthrialta idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir leis an ábhar, agus leis an gComhghuaillíocht um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, beifear in ann plé a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne. Tá an leasú seo gan dochar do na bearta níos leithne a rinne an Coimisiún agus na Ballstáit chun litearthacht agus inniúlachtaí intleachta saorga a chur chun cinn don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear foghlaimeoirí, mic léinn agus saoránaigh ag aoiseanna éagsúla agus go háirithe trí chórais oideachais agus oiliúna.

(6) Is leas poiblí substaintiúil é brath agus ceartú claontachta toisc go gcosnaíonn siad daoine nádúrtha ar éifeachtaí díobhálacha claontachta, lena n-áirítear an t-idirdhealú. D'fhéadfadh idirdhealú a bheith mar thoradh ar an gclaontacht i samhlacha intleachta saorga agus i gcórais intleachta saorga cé is moite de chórais intleachta saorga ardriosca dá soláthraítear bunús dlí cheana féin le Rialachán (AE) 2024/1689 lena n-údaraítear catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil faoi Airteagal 9(2), pointe (g), de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Ós rud é go bhféadfadh idirdhealú a bheith mar thoradh ar na córais agus na samhlacha intleachta saorga eile sin freisin, is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh le Rialachán (AE) 2024/1689 maidir le bunús dlí i dtaobh soláthraithe agus imlonnóirí córas intleachta saorga eile agus samhlacha intleachta saorga eile chomh maith le himlonnóirí córas intleachta saorga ardriosca catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil freisin.. Bunaítear an bunús dlí i gcomhréir le hAirteagal 9(2), pointe (g) de Rialachán (AE) 2016/679, Airteagal 10(2), pointe (g) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó

[6] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] agus soláthraítear bunús dlí le hAirteagal 10, pointe (a) de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], lena gceadaítear, i gcás inar gá chun claontacht a bhrath agus a bhaint, soláthraithe agus imlonnóirí na gcóras agus na samhlacha intleachta saorga uile catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil, faoi réir coimircí iomchuí a chomhlánaíonn Rialacháin (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2018/1725 agus Treoir (AE) 2016/680, de réir mar is infheidhme.

(7) Chun comhsheasmhacht a áirithiú, dúbailt a sheachaint agus ualaí riaracháin a íoslaghdú i ndáil leis an nós imeachta um chomhlachtaí faoina dtugtar fógra a ainmniú faoi Rialachán (AE) 2024/1689, agus an leibhéal céanna grinnscrúdaithe á choinneáil ar bun an tráth céanna, ba cheart iarratas aonair agus nós imeachta measúnaithe aonair a bheith ar fáil do chomhlachtaí nua um measúnú comhréireachta agus do chomhlachtaí faoina dtugtar fógra a ainmnítear faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1689, amhail faoi Rialacháin (AE) 2017/745[9] agus (AE) 2017/746[10] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i gcás ina mbunaítear nós imeachta den sórt sin faoi reachtaíocht chomhchuibhithe sin an Aontais. Is é is aidhm don iarratas aonair agus don nós imeachta measúnaithe aonair an nós imeachta ainmniúcháin faoi Rialachán (AE) 2024/1689 a éascú, a bhrostú agus tacaíocht a thabhairt dó, agus comhlíonadh na gceanglas is infheidhme maidir le comhlachtaí faoina dtugtar fógra faoin Rialachán sin agus faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis á n-áirithiú an tráth céanna.

(8) D'fhonn cur i bhfeidhm rianúil agus comhsheasmhacht Rialachán (AE) 2024/1689 a áirithiú, ba cheart leasuithe a dhéanamh air. Ba cheart ceartúchán teicniúil ar Airteagal 43(3), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2024/1689 a chur leis chun na ceanglais maidir le measúnú comhréireachta a ailíniú leis na ceanglais maidir le soláthraithe córas intleachta saorga ardriosca in Airteagal 16 den Rialachán sin. Thairis sin, ba cheart a shoiléiriú, i gcás ina bhfuil soláthraí córais intleachta saorga

---

7 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

8 Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89–131, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/680/oj).

9 Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/745/oj).

10 Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha in vitro agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/746/oj).

ardriosca faoi réir an nós imeachta um measúnú comhréireachta faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1689, agus ina gcuimsítear sa mheasúnú comhréireachta comhlíontacht chóras bainistíochta cáilíochta an Rialacháin sin agus reachtaíocht comhchuibhithe sin an Aontais, gur cheart don soláthraí a bheith in ann gnéithe a bhaineann le córais bainistíochta cáilíochta faoin Rialachán sin a áireamh mar chuid de na córais bainistíochta cáilíochta faoi reachtaíocht chomhchuibhithe sin an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2024/1689. Maidir le comhlachtaí faoina dtugtar fógra ar tugadh fógra fúthu faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1689 agus arb é is aidhm dóibh measúnú a dhéanamh ar chórais intleachta saorga ardriosca a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, ba cheart Airteagal 43(3), an dara fomhír, a leasú chun a shoiléiriú gur cheart dóibh iarratas a dhéanamh ar ainmniú mar chomhlacht faoina dtugtar fógra faoin Rialachán sin laistigh de 18 mí ó [theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Tá an leasú seo gan dochar d'Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2024/1689. Thairis sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/1689 a leasú chun a shoiléiriú, i gcás ina gcumhdaítear córas intleachta saorga ardriosca le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1689 agus ina dtagann sé faoi cheann de na cásanna úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, gur cheart don soláthraí an nós imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leanúint mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha sin.

(9) Chun comhlíonadh a chuíchóiriú agus chun na costais ghaolmhara a laghdú, níor cheart a cheangal ar sholáthraithe córas intleachta saorga na córais intleachta saorga dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2024/1689 a chlárú i mbunachar sonraí an Aontais de bhun Airteagal 49(2) den Rialachán sin. Ós rud é nach meastar go bhfuil ardriosca ag baint leis na córais sin faoi choinníollacha áirithe i gcás nach bhfuil riosca mór díobhála ag baint leo do shláinte, do shábháilteacht ná do chearta bunúsacha daoine, bheadh sé ina ualach díréireach comhlíontachta ceanglais chlárúcháin a fhorchur. Mar sin féin, maidir le soláthraí a mheasann go dtagann córas intleachta saorga faoi Airteagal 6(3), tá oibleagáid fós ar an soláthraí sin doiciméadú a dhéanamh ar a mheasúnú sula gcuirfear an córas sin ar an margadh nó i mbun seirbhíse. Féadfaidh údaráis inniúla náisiúnta an measúnú sin a iarraidh.

(10) Ba cheart Airteagail 57, 58 agus 60 de Rialachán (AE) 2024/1689 a leasú chun tuilleadh comhair a neartú ar leibhéal an Aontais maidir le boscaí gainimh rialála intleachta saorga, chun soiléireacht agus comhsheasmhacht a chothú i rialachas boscaí gainimh rialála intleachta saorga, agus chun raon feidhme na tástála faoi fhíordhálaí domhanda lasmuigh de bhoscaí gainimh rialála intleachta saorga a leathnú chuig córais intleachta saorga ardriosca a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin. Go sonrach, chun simpliú nós imeachta a cheadú, i gcás inarb infheidhme, sna tionscadail a ndéantar maoirseacht orthu sna boscaí gainimh rialála intleachta saorga lena n-áirítear tástáil faoi fhíordhálaí domhanda freisin, ba cheart an plean tástála fíordhálaí a chomhtháthú sa phlean bosca gainimh a chomhaontaíonn na soláthraithe nó na soláthraithe ionchasacha agus an t-údarás inniúil in aon doiciméad amháin. Ina theannta sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an deis a bheith ag an Oifig um Intleacht Shaorga bosca gainimh rialála intleachta saorga a bhunú ar leibhéal an Aontais le haghaidh córais intleachta saorga a chumhdaítear le hAirteagal 75(1) de

Rialachán (AE) 2024/1689. Trí na bonneagair sin a ghiaráil agus trí chomhar trasteorann a éascú, dhéanfaí an comhordú a chuíchóiriú ar bhealach níos fearr agus bhainfí an úsáid is fearr is féidir as acmhainní.

(11) Chun an nuálaíocht a chothú, is iomchuí freisin raon feidhme na tástála faoi fhíordhálaí domhanda lasmuigh de bhoscaí gainimh rialála intleachta saorga in Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2024/1689, is infheidhme faoi láthair maidir le córais intleachta saorga ardriosca a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, a leathnú agus cead a thabhairt do sholáthraithe agus do sholáthraithe ionchasacha córas intleachta saorga ardriosca a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin na córais sin a thástáil faoi fhíordhálaí domhanda freisin. Tá an méid sin gan dochar do dhlí eile an Aontais nó do dhlí náisiúnta eile maidir le tástáil faoi fhíordhálaí domhanda a dhéanamh ar chórais intleachta saorga ardriosca a bhaineann le táirgí a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe sin an Aontais. Chun aghaidh a thabhairt ar chás sonrach na gcóras intleachta saorga ardriosca a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, is gá tabhairt i gcrích comhaontuithe deonacha idir an Coimisiún agus na Ballstáit a cheadú chun gur féidir córais intleachta saorga ardriosca den sórt sin a thástáil faoi fhíordhálaí domhanda.

(12) Le hAirteagal 63 de Rialachán (AE) 2024/1689 tugtar an deis do mhicrifhiontair ar soláthraithe córas intleachta saorga ardriosca iad tairbhe a bhaint as bealach simplithe chun an oibleagáid maidir le bunú córais bainistíochta cáilíochta a chomhlíonadh. D'fhonn comhlíontacht a éascú do níos mó nuálaithe, ba cheart an fhéidearthacht sin a leathnú chuig gach FBM, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta.

(13) Ba cheart Airteagal 69 de Rialachán (AE) 2024/1689 a leasú chun struchtúr táillí an phainéil eolaíoch a shimpliú. Má iarrann na Ballstáit saineolas ar an bpainéal, ba cheart na táillí a d'fhéadfadh a bheith le híoc acu leis na saineolaithe sin a bheith coibhéiseach leis an luach saothair a bhfuil sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún a íoc in imthosca comhchosúla. Thairis sin, chun castacht an nós imeachta a laghdú, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann dul i gcomhairle go díreach le saineolaithe an phainéil eolaíoch, gan rannpháirtíocht an Choimisiúin.

(14) Chun an córas rialachais le haghaidh córais intleachta saorga atá bunaithe ar shamhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha a neartú, is gá soiléiriú a dhéanamh ar ról na hOifige um Intleacht Shaorga maidir le faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na gcóras intleachta saorga sin le Rialachán (AE) 2024/1689, agus córais intleachta saorga a bhaineann le táirgí a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin á n-eisiamh an tráth céanna. Cé go leanann údaráis earnála de bheith freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chórais intleachta saorga a bhaineann le táirgí a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe sin an Aontais, ba cheart Airteagal 75(1) de Rialachán (AE) 2024/1689 a mhodhnú chun gach córas intleachta, atá bunaithe ar shamhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha arna bhforbairt ag an soláthraí céanna, a thabhairt faoi raon feidhme mhaoirseacht na hOifige um Intleacht Shaorga. Ní áirítear leis sin córais intleachta saorga a chuirtear ar an margadh, a chuirtear i mbun seirbhíse nó a úsáideann institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, atá faoi mhaoirseacht an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí de bhun Airteagal 74(9) de Rialachán (AE) 2024/1689. Chun maoirseacht éifeachtach a áirithiú le haghaidh na gcóras intleachta saorga sin i gcomhréir leis na cúraimí agus na freagrachtaí a shanntar

d'údaráis faireachais margaidh faoi Rialachán (AE) 2024/1689, ba cheart an Oifig um Intleacht Shaorga a chumhachtú chun na bearta agus na cinntí iomchuí a dhéanamh chun a cumhachtaí dá bhforáiltear sa Roinn sin agus i Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a fheidhmiú go leormhaith[11]. Ba cheart feidhm *mutatis mutandis* a bheith ag Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/1020. Thairis sin, chun forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú, ba cheart do na húdaráis a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1689 dul i gcomhar go gníomhach i bhfeidhmiú na gcumhachtaí sin, go háirithe i gcás inar gá gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a dhéanamh ar chríoch Ballstáit.

(15) I bhfianaise an chórais maoirseachta agus forfheidhmiúcháin atá ann cheana faoi Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], is iomchuí cumhachtaí údaráis inniúil faireachais margaidh faoi Rialachán (AE) 2024/1689 a dheonú don Choimisiún i gcás ina gcáilíonn córas intleachta saorga mar ardán an-mhór ar líne nó mar inneall cuardaigh an-mhór ar líne de réir bhrí Rialachán (AE) 2022/2065, nó i gcás ina bhfuil sé leabaithe in ardán nó in inneall cuardaigh den sórt sin. Ba cheart dó sin rannchuidiú lena áirithiú go bhfeidhmeofar ar bhealach comhleanúnach cumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin an Choimisiúin faoi Rialachán (AE) 2024/1689 agus Rialachán (AE) 2022/2065, chomh maith leis na cumhachtaí sin is infheidhme maidir le samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha atá comhtháite sna hardáin nó sna hinnill chuardaigh sin. I gcás córais intleachta saorga atá leabaithe in ardán an-mhór ar líne nó in inneall cuardaigh an-mhór ar líne nó a cháilíonn mar ardán an-mhór ar líne nó mar inneall cuardaigh an mhór ar líne, is iad an measúnú riosca, na bearta maolaitheacha agus na hoibleagáidí iniúchóireachta a fhorordaítear le hAirteagail 34, 35 agus 37 de Rialachán (AE) 2022/2065 an chéad phointe iontrála chun measúnú a dhéanamh ar na córais intleachta saorga, gan dochar do chumhachtaí na hOifige um Intleacht Shaorga neamhchomhlíonadh rialacha an Rialacháin seo a imscrúdú agus a fhorfheidhmiú *ex post*. I gcomhthéacs na hanailíse ar an measúnú riosca sin, ar bhearta maolaitheacha agus ar iniúchtaí, féadfaidh seirbhísí an Choimisiúin atá freagrach as Rialachán (AE) 2022/2065 a fhorfheidhmiú, tuairim a lorg ón Oifig um Intleacht Shaorga maidir leis an toradh ar mheasúnú riosca, a d'fhéadfadh a bheith ann níos luaithe nó an tráth céanna, a rinneadh faoin Rialachán seo agus maidir le hinfheidhmeacht na dtoirmeasc faoin Rialachán seo. Ina theannta sin, ba cheart don Oifig um Intleacht Shaorga agus do na húdaráis náisiúnta inniúla faoi (AE) 2024/1689 a n-iarrachtaí forfheidhmiúcháin a chomhordú leis na húdaráis atá inniúil chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2022/2065, lena n-áirítear an Coimisiún, chun a áirithiú go n-urramófar prionsabail an chomhair dhílis,

---

[11] Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1020/oj).

[12] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj).

na comhréireachta agus *non bis in idem*, agus go n-úsáidfí faisnéis a gheofaí faoin Rialachán eile sin chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar an gceann eile ar choinníoll go gcomhaontaíonn an gnóthas agus ar an gcoinníoll sin amháin. Go háirithe, ba cheart do na húdaráis sin tuairimí a mhalartú go tráthrialta agus ba cheart dóibh a chur san áireamh, ina réimsí inniúlachta féin, aon fhíneáil agus aon phionós arna bhforchur ar an soláthraí céanna as an iompar céanna trí chinneadh críochnaitheach in imeachtaí a bhaineann le sárú ar rialacha eile an Aontais nó ar rialacha náisiúnta eile, chun a áirithiú go bhfuil na fíneálacha agus na pionóis fhoriomlána a fhorchuirtear comhréireach agus go bhfreagraíonn siad do thromchúis na sáruithe a rinneadh.

(16) Chun maoirseacht agus forfheidhmiú na hOifige um Intleacht Shaorga a leagtar amach in Airteagal 75(1) de Rialachán (AE) 2024/1689 a oibríochtú a thuilleadh, is gá a shainiú a thuilleadh cé na cumhachtaí a liostaítear in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/1020 ba cheart a thabhairt don Oifig um Intleacht Shaorga. Ba cheart, dá bhrí sin, go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na cumhachtaí sin a shonrú, lena n-áirítear an cumas pionóis a fhorchur, amhail fíneálacha nó smachtbhannaí riaracháin eile, i gcomhréir leis na coinníollacha agus na huasteorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 99, agus na nósanna imeachta is infheidhme. Ba cheart a áirithiú leis sin go mbeidh na huirlisí is gá ag an Oifig um Intleacht Shaorga chun faireachán agus maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh Rialachán (AE) 2024/1689.

(17) Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh feidhm ag coimircí nós imeachta éifeachtacha maidir le soláthraithe córas intleachta saorga atá faoi réir fhaireachán agus mhaoirseacht na hOifige um Intleacht Shaorga. Chuige sin, ba cheart feidhm *mutatis mutandis* a bheith ag na cearta nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2019/1020 maidir le soláthraithe córas intleachta saorga, gan dochar do chearta nós imeachta níos sonraí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1689.

(18) Chun rochtain ar mhargadh an Aontais a chumasú do chórais intleachta saorga atá faoi mhaoirseacht na hOifige um Intleacht Shaorga de bhun Airteagal 75 de Rialachán (AE) 2024/1689 agus faoi réir measúnú comhréireachta tríú páirtí, ba cheart a chur ar a chumas don Choimisiún measúnuithe comhréireachta réamh-mhargaidh a dhéanamh ar na córais sin.

(19) Is sásra rialachais tábhachtach iad Airteagal 77 agus forálacha gaolmhara de Rialachán (AE) 2024/1689, toisc gurb é is aidhm dóibh é a chur ar a gcumas d'údaráis nó do chomhlachtaí atá freagrach as dlí an Aontais a fhorfheidhmiú nó a mhaoirsiú, ar dlí é atá beartaithe chun cearta bunúsacha a chosaint, an sainordú a tugadh dóibh a chomhlíonadh faoi choinníollacha sonracha agus comhar a chothú le húdaráis faireachais margaidh atá freagrach as maoirseacht agus forfheidhmiú an Rialacháin sin. Is gá raon feidhme an chomhair sin a shoiléiriú, chomh maith lena shoiléiriú cé na húdaráis phoiblí nó na comhlachtaí poiblí a bhaineann tairbhe as. D'fhonn an comhar a threisiú, ba cheart a shoiléiriú gur cheart iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis agus ar dhoiciméadacht a chur faoi bhráid an údaráis inniúil faireachais margaidh, ar cheart dó freagairt d'iarrataí den sórt sin, agus gur cheart oibleagáid fhrithpháirteach chun comhoibriú a bheith ar na húdaráis nó na comhlachtaí lena mbaineann.

(20) Chun am leordhóthanach a thabhairt do sholáthraithe córas intleachta saorga giniúnaí atá faoi réir na n-oibleagáidí marcála a leagtar síos in Airteagal 50(2) de Rialachán (AE) 2024/1689 a gcleachtais a oiriúnú laistigh de thréimhse réasúnta ama

gan cur isteach ar an margadh, is iomchuí idirthréimhse 6 mhí a thabhairt isteach do sholáthraithe a chuir a gcórais ar an margadh cheana roimh an 2 Lúnasa 2026.

(21) Chun am leordhóthanach a thabhairt do sholáthraithe córas intleachta saorga ardriosca agus chun na rialacha is infheidhme maidir leis na córais intleachta saorga a cuireadh ar an margadh nó i mbun seirbhíse cheana a shoiléiriú roimh theacht i bhfeidhm fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2024/1689, is iomchuí cur i bhfeidhm tréimhse chairde dá bhforáiltear in Airteagal 111(2) den Rialachán sin a shoiléiriú. Ba cheart feidhm a bheith ag an tréimhse chairde, chun críoch Airteagal 111(2), maidir le cineál agus samhail córas intleachta saorga atá curtha ar an margadh cheana féin. Ciallaíonn sé sin, más rud é gur cuireadh aonad aonair amháin ar a laghad den chóras intleachta saorga ardriosca ar an margadh nó i mbun seirbhíse go dleathach roimh an dáta a shonraítear in Airteagal 111(2), go bhfuil aonaid aonair eile den chineál agus den tsamhail chéanna den chóras intleachta saorga ardriosca faoi réir na tréimhse cairde dá bhforáiltear in Airteagal 111(2) agus, dá bhrí sin, go bhféadfar leanúint dá gcur ar an margadh, dá gcur ar fáil nó dá gcur i mbun seirbhíse ar mhargadh an Aontais gan aon oibleagáid ná ceanglas breise nó gan aon ghá le deimhniú breise, fad nach dtiocfaidh aon athrú ar dhearadh an chórais intleachta saorga ardriosca sin. Chun an tréimhse chairde dá bhforáiltear in Airteagal 111(2) a chur i bhfeidhm, is é an toisc chinntitheach an dáta a cuireadh an chéad aonad den chineál sin córais intleachta saorga ardriosca agus den tsamhail sin de chóras intleachta saorga ardriosca ar an margadh nó i mbun seirbhíse ar mhargadh an Aontais den chéad uair. Le haon athrú mór ar dhearadh an chórais intleachta saorga sin tar éis an dáta a shonraítear in Airteagal 111(2), ba cheart oibleagáid an tsoláthraí a thionscnamh chun forálacha ábhartha uile an Rialacháin seo is infheidhme maidir le córais intleachta saorga ardriosca a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear na ceanglais um measúnú comhréireachta.

(22) Le hAirteagal 113 de Rialachán (AE) 2024/1689 leagtar síos dátaí teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm an Rialacháin sin, go háirithe gurb é an 2 Lúnasa 2026 an dáta ginearálta cur i bhfeidhm. Maidir leis na hoibleagáidí a bhaineann le córais intleachta saorga ardriosca a leagtar síos i Ranna 1, 2 agus 3 de Chaibidil III de Rialachán (AE) 2024/1689, mar gheall ar infhaighteacht mhoillithe caighdeán, sonraíochtaí coiteanna agus treoraíocht mhalartach agus bunú moillithe na n-údarás inniúil náisiúnta, tá dúshláin ann a chuireann teacht i bhfeidhm éifeachtach na n-oibleagáidí sin i mbaol agus tá an baol ann go dtiocfaidh méadú nach beag ar chostais cur chun feidhme ar bhealach nach dtugann údar lena ndáta tosaigh cur i bhfeidhm a choinneáil ar bun, is é sin an 2 Lúnasa 2026. I bhfianaise na taithí a fuarthas, is iomchuí sásra a chur ar bun lena nasctar an teacht i bhfeidhm le hinfhaighteacht beart chun tacú le comhlíonadh Chaibidil III, lena bhféadfaí caighdeáin chomhchuibhithe, sonraíochtaí comhchoiteanna agus treoirlínte ón gCoimisiún a áireamh. Ba cheart don Choimisiún é sin a dheimhniú le cinneadh, agus ina dhiaidh sin ba cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí rialacha maidir le córais intleachta saorga ardriosca tar éis 6 mhí a mhéid a bhaineann le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(2) agus Iarscríbhinn III agus tar éis 12 mhí a mhéid a bhaineann le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(1) agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1689. Mar sin féin, níor cheart síneadh a chur leis an tsolúbthacht sin ach go dtí an 2 Nollaig 2027 a mhéid a bhaineann le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(2) agus Iarscríbhinn III agus go dtí an 2 Lúnasa 2028 a mhéid a bhaineann le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(1) agus Iarscríbhinn I a ghabhann

leis an Rialachán sin, ar dátaí iad faoinar cheart na rialacha sin a theacht i bhfeidhm in aon chás. An t-idirdhealú idir teacht i bhfeidhm na rialacha a mhéid a bhaineann le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(2) agus Iarscríbhinn III agus Airteagal 6(1) agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, tá sé comhsheasmhach leis an difríocht idir na dátaí tosaigh cur i bhfeidhm atá beartaithe i Rialachán (AE) 2024/1689 agus is é is aidhm dó an t-am is gá a sholáthar chun na hoibleagáidí comhfhreagracha a oiriúnú agus a chur chun feidhme.

(23) I bhfianaise an chuspóra chun dúshláin cur chun feidhme a laghdú do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do riaracháin phoiblí, tá sé ríthábhachtach nach nglacfar coinníollacha comhchuibhithe maidir le rialacha áirithe a chur chun feidhme ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis. Chun na críche sin, is iomchuí deireadh a chur le cumhachtuithe áirithe a thugtar don Choimisiún chun coinníollacha comhchuibhithe den sórt sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcásanna nach gcomhlíontar na coinníollacha sin. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/1689 a leasú chun deireadh a chur leis na cumhachtuithe a thugtar don Choimisiún in Airteagal 50(7), Airteagal 56(6), agus Airteagal 72(3) de chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh. Baineann buntáiste breise le deireadh a chur leis an gcumhachtú chun teimpléad comhchuibhithe a ghlacadh le haghaidh plean faireacháin iarmhargaidh in Airteagal 72(3) de Rialachán (AE) 2024/1689 go gcuirfidh sé níos mó solúbthachta ar fáil do sholáthraithe córas intleachta saorga ardriosca chun córas faireacháin iarmhargaidh atá saincheaptha dá n-eagraíocht a chur i bhfeidhm. An tráth céanna, agus aitheantas á thabhairt don ghá atá le soiléireacht a thabhairt maidir leis an gcaoi a gceanglaítear ar sholáthraithe córas intleachta saorga ardriosca comhlíonadh a dhéanamh, ba cheart a cheangal ar an gCoimisiún treoraíocht a fhoilsiú.

(24) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le rannpháirtíocht comhlachtaí um measúnú comhréireachta chun measúnú comhréireachta a dhéanamh ar chórais intleachta saorga ardriosca faoi Rialachán (AE) 2024/1689. Ní fhéadfaidh ach comhlachtaí um measúnú comhréireachta arna n-ainmniú faoin Rialachán sin measúnuithe comhréireachta a dhéanamh agus ní fhéadfar iad a dhéanamh ach le haghaidh na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis na catagóirí agus na cineálacha córas intleachta saorga lena mbaineann agus lena n-aghaidh sin amháin. Chun gur féidir raon feidhme ainmniú na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta faoina dtugtar fógra faoi Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2024/1689 a shonrú, is gá liosta cód, catagóirí agus cineálacha comhfhreagracha córas intleachta saorga a tharraingt suas. Ba cheart a chur san áireamh sa liosta cód an bhfuil an córas intleachta saorga ina chomhpháirt de tháirge nó an táirge ann féin a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I (dá ngairtear 'cóid AIP', le haghaidh córais intleachta saorga a chumhdaítear le reachtaíocht táirgí) nó an córas é dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1689, nach mbaineann faoi láthair ach le córais intleachta saorga bhithmhéadracha dá dtagraítear i bpointe (1) d'Iarscríbhinn III (dá ngairtear 'cóid AIB', le haghaidh córais intleachta saorga bhithmhéadracha). Is cóid ingearacha iad cóid AIP agus cóid AIB araon. Is cóid tagartha iad na cóid AIP chun nasc a sholáthar le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1689. Is cóid nua iad cóid AIB a bhaineann go sonrach le Rialachán (AE) 2024/1689 chun córais intleachta saorga bhithmhéadracha a shainaithint dá dtagraítear i mír 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. Ba cheart cineálacha sonracha agus teicneolaíochtaí foluiteacha na gcóras intleachta saorga a chur san áireamh sa liosta cód freisin (dá ngairtear 'cóid AIH', le haghaidh cóid chothrománacha córais intleachta saorga). Is cóid nua a bhaineann go sonrach le

teicneolaíocht intleachta saorga iad cóid AIH agus is féidir iad a chur i bhfeidhm i gcomhar le cóid ingearacha AIP nó AIB. Le cóid AIH, cumhdaítear cineálacha foluiteacha agus teicneolaíochtaí foluiteacha na gcóras intleachta saorga. Leis an liosta cód, lena n-áirítear trí chatagóir, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le tíopeolaíocht ilghnéitheach córas intleachta saorga lena n-áirithítear go bhfuil comhlachtaí um measúnú comhréireachta a ainmnítear mar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra, go hiomlán inniúil maidir leis na córais intleachta saorga a gceanglaítear orthu a mheasúnú.

(25) Le Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], leagtar síos rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta. Le hAirteagal 108 de Rialachán (AE) 2024/1689 leagtar amach leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1139 chun a áirithiú go gcuirfidh an Coimisiún san áireamh, ar bhonn shainiúlachtaí teicniúla agus rialála earnáil na heitlíochta sibhialta, agus gan cur isteach ar na sásraí rialachais, measúnaithe comhréireachta agus forfheidhmiúcháin atá ann cheana ná ar na húdaráis arna mbunú san earnáil, na ceanglais shainordaitheacha maidir le córais intleachta saorga ardriosca a leagtar síos i Rialachán (AE)2024/1689 agus aon ghníomh tarmligthe nó cur chun feidhme ábhartha á ghlacadh aige ar bhonn an ghnímh sin. Tá gá le ceartúchán teicniúil lena leathnaítear airteagail shonracha de Rialachán (AE) 2018/1139 chun a áirithiú go gcumhdófar go hiomlán na ceanglais éigeantacha sin maidir le córais intleachta saorga ardriosca a leagtar síos i Rialachán (AE) 2024/1689 agus gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme ábhartha á nglacadh ar bhonn Rialachán (AE) 2018/1139.

(26) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú a luaithe is féidir d’fhonn Rialachán (AE) 2024/1689 a chur i bhfeidhm go ginearálta, rud atá ar tí tarlú, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2024/1689*

Leasaítear Rialachán (AE) 2024/1689 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) bearta chun tacú leis an nuálaíocht, agus béim ar leith á leagan ar fhiontair mheánchaipitlithe bheaga agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta.’;

13 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1–122, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj).

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Maidir le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais intleachta saorga ardriosca i gcomhréir le hAirteagal 6(1) a bhaineann le táirgí a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn B d'Iarscríbhinn I, ní bheidh feidhm ach ag Airteagal 6(1), Airteagal 60a, Airteagail 102 go 109 agus Airteagail 111 agus 112 maidir leo. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 57 ach a mhéid a dhéanfar na ceanglais maidir le córais intleachta saorga ardriosca faoin Rialachán seo a chomhtháthú i reachtaíocht chomhchuibhithe sin an Aontais.;

(3) in Airteagal 3, cuirtear isteach na pointí (14a) agus (14b) seo a leanas:

'(14a) ciallaíonn micrifhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide ('FBM') micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún;

(14b) ciallaíonn 'fiontar meánchaipitlithe beag' fiontar meánchaipitlithe beag mar a shainmhínítear i bpointe (2) den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh (AE) 2025/1099 ón gCoimisiún';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

' *Airteagal 4*

**Litearthacht intleachta saorga**

'Spreagfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit soláthraithe agus imlonnóirí córas intleachta saorga bearta a dhéanamh chun leibhéal leordhóthanach litearthachta intleachta saorga a áirithiú i measc a bhfoirne agus daoine eile a bhíonn ag déileáil le hoibriú agus úsáid córas intleachta saorga thar a gceann, agus a gcuid eolais theicniúil, a gcuid taithí, a leibhéal oideachais agus oiliúna agus an comhthéacs ina mbeidh na córais intleachta saorga le húsáid á gcur san áireamh, agus aird á tabhairt ar na daoine nó na grúpaí díobh a n-úsáidfear na córais intleachta saorga orthu.';

(5) cuirtear an tAirteagal 4a seo a leanas isteach i gCaibidil I:

'*Airteagal 4a*

**Catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil chun claontacht a bhrath agus a mhaolú**

1. A mhéid is gá chun brath agus ceartú claontachta a áirithiú i ndáil le córais intleachta saorga ardriosca, i gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointí (f) agus (g) den Rialachán seo, féadfaidh soláthraithe na gcóras sin catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil go heisceachtúil, faoi réir coimircí iomchuí do chearta agus do shaoirsí bunúsacha daoine nádúrtha. De bhreis ar na coimircí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 agus i dTreoir (AE) 2016/680, mar is infheidhme, chomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas chun go dtarlóidh próiseáil den sórt sin:

(a) ní féidir brath agus ceartú claontachta a chomhlíonadh go héifeachtach trí shonraí eile a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí sintéiseacha nó anaithnidithe;

(b) tá na catagóirí speisialta sonraí pearsanta faoi réir teorainneacha teicniúla maidir le hathúsáid na sonraí pearsanta, agus faoi réir bearta úrscothacha slándála agus caomhnaithe príobháideachais, lena n-áirítear an bréagainmniú;

(c) tá na catagóirí speisialta sonraí pearsanta faoi réir bearta chun a áirithiú go bhfuil na sonraí pearsanta a phróiseáiltear slán, faoi chosaint, faoi réir coimircí oiriúnacha, lena n-áirítear rialuithe dochta agus doiciméadacht ar an rochtain, chun mí-úsáid a sheachaint agus chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ach ag daoine údaraithe a bhfuil oibleagáidí rúndachta iomchuí orthu ar na sonraí pearsanta sin;

(d) ní tharchuirtear, ní aistrítear ná níl rochtain ar bhealach eile ag páirtithe eile ar na catagóirí speisialta sonraí pearsanta;

(e) scriostar na catagóirí speisialta sonraí pearsanta a luaithe a cheartófar an chlaontacht nó nuair a bheidh deireadh le tréimhse coinneála na sonraí pearsanta, cibé acu is túisce;

(f) áirítear sna taifid ar ghníomhaíochtaí próiseála de bhun Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 agus Threoir (AE) 2016/680 na cúiseanna ar ghá catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil chun claontachtaí a bhrath agus a cheartú, agus an fáth nárbh fhéidir an cuspóir sin a bhaint amach trí shonraí eile a phróiseáil.

2. Féadfaidh feidhm a bheith ag mír 1 maidir le soláthraithe agus imlonnóirí córas agus samhlacha intleachta saorga eile agus maidir le himlonnóirí córas intleachta saorga ardriosca i gcás inar gá agus inar comhréireach má dhéantar an phróiseáil chun na gcríoch a leagtar amach inti agus ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach faoi na coimircí a leagtar amach sa mhír seo.;

(6) In Airteagal 6(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Soláthraí a mheasann nach córas ardriosca é an córas intleachta saorga dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, déanfaidh sé a mheasúnú a dhoiciméadú sula gcuirfear an córas sin ar an margadh nó i mbun seirbhíse. Arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla náisiúnta, soláthróidh an soláthraí doiciméadacht an mheasúnaithe.’;

(7) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Maidir le córais intleachta saorga ardriosca a bhaineann úsáid as teicnící lena mbaineann oiliúint samhlacha intleachta saorga le sonraí, forbrófar iad ar bhonn tacair sonraí oiliúna, bailíochtaithe agus tástála a chomhlíonann na critéir cháilíochta dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo agus in Airteagal 4a(1) i gcás ina n-úsáidtear tacair sonraí den sórt sin.’;

(b) scriostar mír 5;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Chun córais intleachta saorga ardriosca a fhorbairt gan teicnící a úsáid lena mbaineann oiliúint samhlacha intleachta saorga, ní bheidh feidhm ag

míreanna 2, 3 ná 4 den Airteagal seo agus ní bheidh feidhm ag Airteagal 4a(1) ach amháin maidir leis na tacair sonraí tástála.';

(8) in Airteagal 11(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Déanfar an doiciméadacht theicniúil sin a tharraingt suas ar bhealach a léireofar go gcomhlíonann an córas intleachta saorga ardriosca na ceanglais a leagtar amach sa Roinn seo agus a gcuirfear an fhaisnéis is gá, i bhfoirm shoiléir chuimsitheach, ar fáil d'údaráis inniúla náisiúnta agus do chomhlachtaí faoina dtugtar fógra chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht an chórais intleachta saorga ardriosca leis na ceanglais sin. Beidh na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV inti ar a laghad. Féadfaidh fiontair mheánchaipitlithe bheaga agus FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, eilimintí na doiciméadachta teicniúla a shonraítear in Iarscríbhinn IV a sholáthar ar bhealach simplithe. Chuige sin, bunóidh an Coimisiún foirm shimplithe den doiciméadacht theicniúil a bheidh dírithe ar riachtanais fiontar meánchaipitlithe beag agus FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta. I gcás ina roghnaíonn fiontar meánchaipitlithe beag nó FBM, lena n-áirítear gnólacht nuathionscanta, an fhaisnéis a cheanglaítear in Iarscríbhinn IV a sholáthar ar bhealach simplithe, bainfidh sé úsáid as an bhfoirm dá dtagraítear sa mhír seo. Glacfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra leis an bhfoirm sin chun críoch measúnaithe comhréireachta.';

(9) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Beidh cur chun feidhme na ngnéithe dá dtagraítear i mír 1 comhréireach le méid eagraíocht an tsoláthraí, go háirithe, más fiontar meánchaipitlithe beag nó FBM, lena n-áirítear gnólacht nuathionscanta, é an soláthraí. Urramóidh soláthraithe, in aon chás, an méid déine agus an leibhéal cosanta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh a gcórais intleachta saorga ardriosca an Rialachán seo.';

(10) in Airteagal 28, cuirtear an mhír 8 seo a leanas leis:

'8. Na húdaráis a thugann fógra arna n-ainmniú faoin Rialachán seo atá freagrach as córais intleachta saorga a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I, déanfar iad a bhunú, a eagrú agus a oibriú ar bhealach lena n-áiritheofar go dtabharfar an deis don chomhlacht um measúnú comhréireachta a dhéanann iarratas ar ainmniú faoin Rialachán seo agus faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I araon iarratas aonair a chur isteach agus dul faoi nós imeachta measúnaithe aonair atá le hainmniú faoin Rialachán seo agus faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I, i gcás ina ndéantar foráil i reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais maidir leis an iarratas aonair agus an nós imeachta measúnaithe aonair den sórt sin.

Déanfar an t-iarratas aonair agus an nós imeachta measúnaithe aonair dá dtagraítear sa mhír seo a chur ar fáil freisin do chomhlachtaí faoina dtugtar fógra a ainmníodh cheana faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I, nuair a dhéanann na

comhlachtaí sin faoina dtugtar fógra iarratas ar ainmniú faoin Rialachán seo, ar choinníoll go bhforáiltear do nós imeachta den sórt sin i reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais.

Leis an nós imeachta iarratais aonair agus an nós imeachta measúnaithe aonair, seachnófar aon dúbláil neamhriachtanach, cuirfear leis na nósanna imeachta atá ann cheana maidir le hainmniú faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I agus áiritheofar go gcomhlíonfar na ceanglais a bhaineann le comhlachtaí faoina dtugtar fógra faoin Rialachán seo agus faoi reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais araon.';

(11) in Airteagal 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Maidir le comhlachtaí faoina dtugtar fógra a ainmnítear faoi aon reachtaíocht chomhchuibhithe eile de chuid an Aontais, féadfar gach doiciméad agus deimhniú atá nasctha leis na hainmniúcháin sin a úsáid chun tacú lena nós imeachta ainmniúcháin faoin Rialachán seo agus chun dlús a chur leis , de réir mar is iomchuí.

Comhlachtaí faoina dtugtar fógra, a ainmnítear faoi aon cheann de reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I agus a dhéanann iarratas ar an measúnú aonair dá dtagraítear in Airteagal 28(8), cuirfidh siad an t-iarratas aonair ar mheasúnú faoi bhráid an údaráis a thugann fógra arna ainmniú i gcomhréir le reachtaíocht chomhchuibhithe sin an Aontais.

Déanfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra an doiciméadacht dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo a nuashonrú aon uair a tharlaíonn athruithe ábhartha, chun a chur ar chumas an údaráis atá freagrach as comhlachtaí faoina dtugtar fógra faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas uile a leagtar síos in Airteagal 31 agus an comhlíonadh sin a fhíorú.';

(12) in Airteagal 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Na húdaráis a thugann fógra, tabharfaidh na húdaráis sin fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, bunaithe ar an liosta cód, catagóirí agus cineálacha comhfhreagracha córas intleachta saorga dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIV, agus trí úsáid a bhaint as an uirlis leictreonach um fhógra a thabhairt arna forbairt agus arna bainistiú ag an gCoimisiún, maidir le gach comhlacht um measúnú comhréireachta dá dtagraítear i mír 1.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 97 chun Iarscríbhinn XIV a leasú, i bhfianaise an dul chun cinn theicniúil, an dul chun cinn maidir le heolas nó fianaise eolaíoch nua trí chód nua, catagóir nua nó cineál córais intleachta saorga nua a chur leis an liosta cód, catagóirí agus cineálacha comhfhreagracha córas intleachta saorga, trí chód, catagóir nó cineál córais intleachta saorga atá ann cheana a tharraingt siar ón liosta sin nó trí chód nó cineál córais intleachta saorga a bhogadh ó chatagóir amháin go catagóir eile.';

(13) in Airteagal 43, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘Maidir le córais intleachta saorga ardriosca a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d’Iarscríbhinn I, leanfaidh soláthraí an chórais an nós imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta de réir mar a cheanglaítear faoi reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais. Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i Roinn 2 den Chaibidil seo maidir leis na córais intleachta saorga ardriosca sin agus beidh siad mar chuid den mheasúnú sin. Chomh maith leis sin, beidh feidhm ag an measúnú ar an gcóras bainistíochta cáilíochta a leagtar amach in Airteagal 17 agus in Iarscríbhinn VII.

Chun críocha an mheasúnaithe comhréireachta sin, beidh sé de chumhacht ag comhlachtaí faoina dtugtar fógra ar tugadh fógra fúthu faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d’Iarscríbhinn I measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht córas intleachta saorga ardriosca leis na ceanglais a leagtar amach i Roinn 2, ar choinníoll go ndearnadh measúnú ar chomhlíontacht na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 31(4), (5), (10) agus (11) i gcomhthéacs an nós imeachta um fhógra a thabhairt faoi reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais. Gan dochar d’Airteagal 28, déanfaidh na comhlachtaí sin faoina dtugtar fógra, ar tugadh fógra fúthu faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais i Roinn A d’Iarscríbhinn I, iarratas ar ainmniú i gcomhréir le Roinn 4 [18 mí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

I gcás ina dtugtar rogha do mhonaróir an táirge le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d’Iarscríbhinn I a roghnú gan a bheith páirteach i measúnú comhréireachta tríú páirtí, ar choinníoll gur chuir an monaróir sin na caighdeáin chomhchuibhithe i bhfeidhm lena gcumhdaítear na ceanglais ábhartha uile, ní fhéadfaidh an monaróir sin úsáid a bhaint as an rogha sin ach amháin má tá caighdeáin chomhchuibhithe nó, i gcás inarb infheidhme, sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 41 curtha i bhfeidhm aige freisin, lena gcumhdaítear na ceanglais uile a leagtar amach i Roinn 2 den Chaibidil seo.

I gcás ina gcumhdaítear córas intleachta saorga ardriosca le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d’Iarscríbhinn I agus ina dtagann sé faoi cheann de na catagóirí a liostaítear in Iarscríbhinn III, leanfaidh soláthraí an chórais an nós imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta mar a cheanglaítear faoi reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais a liostaítear i Roinn A d’Iarscríbhinn I.’;

(14) in Airteagal 49, scriostar mír 2;

(15) in Airteagal 50, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Déanfaidh an Oifig um Intleacht Shaorga tarraingt suas cód cleachtais a spreagadh agus a éascú ar leibhéal an Aontais chun éascú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na n-oibleagáidí maidir le brath, marcáil agus lipéadú inneachair a ghintear go saorga nó a ndearnadh cúbláil air. Féadfaidh an Coimisiún measúnú a dhéanamh i dtaobh an leor comhlíonadh na gcód cleachtais sin chun a áirithiú go gcomhlíontar an oibleagáid a leagtar síos i mír 2, i gcomhréir leis an nós imeachta a

leagtar síos in Airteagal 56(6), an chéad fhomhír. Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil an cód leordhóthanach, féadfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar comhrialacha maidir le cur chun feidhme na n-oibleagáidí sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar síos in Airteagal 98(2).';

(16) in Airteagal 56(6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'6. Déanfaidh an Coimisiún agus an Bord faireachán agus meastóireacht thráthrialta ar na rannpháirtithe cuspóirí na gcód cleachtais a bhaint amach agus ar a rannchuidiú le cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin seo. Déanfaidh an Coimisiún agus lánaird á tabhairt aige ar thuairim an Bhoird, measúnú i dtaobh an gcumhdaítear leis na cóid chleachtais na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 53 agus 55, agus déanfaidh siad faireachán agus meastóireacht thráthrialta ar bhaint amach a gcuspóirí. Foilseoidh an Coimisiún a mheasúnú ar leordhóthanacht na gcód cleachtais.';

(17) Leasaítear Airteagal 57 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:

'Féadfaidh an Oifig um Intleacht Shaorga bosca gainimh rialála intleachta saorga a bhunú freisin ar leibhéal an Aontais le haghaidh córais intleachta saorga a chumhdaítear le hAirteagal 75(1). Déanfar bosca gainimh rialála intleachta saorga den sórt sin a chur chun feidhme i ndlúthchomhar leis na húdaráis inniúla ábhartha, go háirithe nuair a dhéantar maoirseacht ar reachtaíocht an Aontais seachas an Rialachán seo sa bhosca gainimh rialála intleachta saorga, agus tabharfaidh sé rochtain tosaíochta do FBManna.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Le boscaí gainimh rialála intleachta saorga a bhunaítear faoin Airteagal seo, déanfar foráil maidir le timpeallacht rialaithe lena gcothófar nuálaíocht agus lena n-éascófar forbairt, oiliúint, tástáil agus bailíochtú córas intleachta saorga nuálach ar feadh tréimhse theoranta sula gcuirfear ar an margadh iad nó sula gcuirfear i mbun seirbhíse iad de bhun plean bosca gainimh sonrach arna chomhaontú idir na soláthraithe nó na soláthraithe ionchasacha agus an t-údarás inniúil, lena n-áirithítear go bhfuil na coimircí iomchuí i bhfeidhm. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis na boscaí gainimh rialála sin tástáil faoi fhíordhálaí domhanda a ndéantar maoirseacht uirthi iontu. I gcás inarb infheidhme, cuimseofar sa phlean bosca gainimh an plean tástála fíordhálaí in aon doiciméad amháin.';

(c) i mír 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) rochtain ar mhargadh an Aontais a éascú le haghaidh córais intleachta saorga agus dlús a chur léi, go háirithe nuair a sholáthraíonn fiontair mheánchaipitlithe bheaga agus FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, iad.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 13:

'13. Déanfar na boscaí gainimh rialála intleachta saorga a cheapadh agus a chur chun feidhme ar bhealach a n-éascófar comhar trasteorann idir na húdaráis inniúla náisiúnta.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 14:

‘14. Déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta a ngníomhaíochtaí a chomhordú agus rachaidh siad i gcomhar faoi chuimsiú an Bhoird. Tacóidh siad le bunú agus oibriú comhpháirteach boscaí gainimh rialála intleachta saorga, lena n-áirítear in earnálacha éagsúla.’;

(18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 58, mír 1:

‘1. Chun ilroinnt ar fud an Aontais a sheachaint, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar na socruithe mionsonraithe chun na boscaí gainimh rialála intleachta saorga a bhunú, a fhorbairt, a chur chun feidhme, a oibriú, a rialú agus a mhaoirsiú. Sna gníomhartha cur chun feidhme, áireofar prionsabail choiteanna maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

(a) na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin don rannpháirtíocht sa bhosca gainimh rialála le haghaidh na hintleachta saorga;

(b) na nósanna imeachta maidir leis an mbosca gainimh rialála le haghaidh na hintleachta saorga a chur i bhfeidhm, rannpháirtíocht ann , faireachán a dhéanamh air, imeacht uaidh agus é a fhoirceannadh, lena n-áirítear plean bosca gainimh agus an tuarascáil imeachta;

(c) na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir leis na rannpháirtithe;

(d) na rialacha mionsonraithe is infheidhme maidir le rialachas boscaí gainimh rialála intleachta saorga a chumhdaítear faoi Airteagal 57, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le feidhmiú chúraimí na n-údarás inniúil agus leis an gcomhordú agus an comhar ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.’;

(19) Leasaítear Airteagal 60 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Soláthraithe nó soláthraithe ionchasacha córas intleachta saorga ardriosca a liostaítear in Iarscríbhinn III nó a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A de Iarscríbhinn I, féadfaidh siad tástáil a dhéanamh ar chórais intleachta saorga ardriosca i bhfíordhálaí lasmuigh de bhoscaí gainimh rialála intleachta saorga, i gcomhréir leis an Airteagal seo agus leis an bplean chun tástáil a dhéanamh i bhfíordhálaí dá dtagraítear san Airteagal seo, gan dochar do na toirmisc faoi Airteagal 5.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Féadfaidh soláthraithe nó soláthraithe ionchasacha tástáil a dhéanamh ar na córais intleachta saorga ardriosca dá dtagraítear in Iarscríbhinn III nó a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A de Iarscríbhinn I i bhfíordhálaí tráth ar bith sula gcuirfear an córas intleachta saorga ar an margadh nó sula gcuirfear i mbun seirbhíse é ar a gconlán féin nó i gcomhpháirtíocht le húsáideoir gairmiúil nó úsáideoir gairmiúil ionchasach amháin nó níos mó.’;

(20) cuirtear an tAirteagal 60a seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 60a*

**Tástáil ar chórais intleachta saorga ardriosca a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn B d’Iarscríbhinn I faoi fhíordhálaí domhanda lasmuigh de bhoscaí gainimh rialála intleachta saorga**

1.Féadfaidh soláthraithe nó soláthraithe ionchasacha táirgí IS-chumasaithe a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn B d’Iarscríbhinn I tástáil a dhéanamh ar chórais intleachta saorga ardriosca faoi fhíordhálaí domhanda lasmuigh de bhoscaí gainimh rialála intleachta saorga, i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le comhaontú deonach maidir le tástáil faoi fhíordhálaí domhanda, gan dochar do na toirmisc faoi Airteagal 5.

2.Déanfar an comhaontú deonach maidir le tástáil faoi fhíordhálaí domhanda dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt i gcrích i scríbhinn idir na Ballstáit leasmhara agus an Coimisiún. Leagfar síos leis na ceanglais maidir leis na táirgí IS-chumasaithe sin a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn B d’Iarscríbhinn I a thástáil faoi fhíordhálaí domhanda.

3. Na Ballstáit, an Coimisiún, údaráis faireachais margaidh agus údaráis phoiblí atá freagrach as bainistiú agus oibriú bonneagair agus táirgí a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn B d’Iarscríbhinn I, oibreoidh siad i ndlúthchomhar le chéile agus de mheon macánta, agus bainfidh siad aon bhacainn phraiticiúil, lena n-áirítear maidir le rialacha nós imeachta lena dtugtar rochtain ar bhonneagar poiblí fisiceach, i gcás inar gá sin, chun an comhaontú deonach maidir le tástáil faoi fhíordhálaí domhanda a chur chun feidhme go rathúil agus chun táirgí IS-chumasaithe a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn B d’Iarscríbhinn I a thástáil go rathúil..

4. Sonróidh sínitheoirí an chomhaontaithe dheonaigh maidir le tástáil faoi fhíordhálaí domhanda coinníollacha na tástála faoi fhíordhálaí domhanda agus leagfaidh siad síos gnéithe mionsonraithe den phlean tástála fíordhálaí le haghaidh córais intleachta saorga a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn B d’Iarscríbhinn I.

5. Beidh feidhm ag Airteagal 60(2), (5) agus (9).’;

(21) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 63(1):

‘1. Féadfaidh FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, gnéithe áirithe den chóras bainistíochta cáilíochta a cheanglaítear le hAirteagal 17 a chomhlíonadh ar bhealach simplithe. Chun na críche sin, forbróidh an Coimisiún treoirlínte maidir leis na heilimintí den chóras bainistíochta cáilíochta is féidir a chomhlíonadh ar bhealach simplithe i bhfianaise riachtanais na FBManna, gan difear a dhéanamh don leibhéal cosanta ná don ghá atá le comhlíonadh na gceanglas i ndáil le córais intleachta saorga ardriosca.’;

(22) Leasaítear Airteagal 69 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Féadfar a cheangal ar na Ballstáit táillí a íoc as an gcomhairle agus as an tacaíocht a sholáthraíonn na saineolaithe ar ráta atá coibhéiseach leis na táillí luacha saothair is infheidhme maidir leis an gCoimisiún de bhun an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 68(1).’;

(b) scriostar mír 3.

(23) in Airteagal 70, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. Féadfaidh údaráis inniúla náisiúnta treoraíocht agus comhairle a sholáthar maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, go háirithe do fhiontair mheánchaipitlithe bheaga agus FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus treoraíocht agus comhairle an Bhoird agus an Choimisiúin á gcur san áireamh, de réir mar is iomchuí. Nuair atá sé beartaithe ag na húdaráis inniúla náisiúnta treoraíocht agus comhairle a sholáthar maidir le córas intleachta saorga i réimsí a chumhdaítear le dlí eile de chuid an Aontais, rachfar i gcomhairle leis na húdaráis inniúla náisiúnta faoin dlí sin, de réir mar is iomchuí.’;

(24) in Airteagal 72, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Beidh an córas faireacháin iarmhargaidh bunaithe ar phlean faireacháin iarmhargaidh. Beidh an plean faireacháin iarmhargaidh mar chuid den doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV. Glacfaidh an Coimisiún treoraíocht maidir leis an bplean faireacháin iarmhargaidh.’;

(25) Leasaítear Airteagal 75 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Airteagal 75:

**‘Faireachas margaidh agus rialú córas intleachta saorga agus cúnamh frithpháirteach’;**

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina bhfuil córas intleachta saorga bunaithe ar shamhail intleachta saorga ilchuspóireach, cé is moite de chórais intleachta saorga a bhaineann le táirgí a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus gurb é an soláthraí céanna a fhorbraíonn an tsamhail agus an córas sin, beidh an Oifig um Intleacht Shaorga inniúil go heisiach chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar an gcóras sin le hoibleagáidí an Rialacháin seo i gcomhréir leis na cúraimí agus na freagrachtaí a shannfaidh sí d’údaráis faireachais margaidh. Beidh an Oifig um Intleacht Shaorga inniúil go heisiach freisin maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo i ndáil le córas intleachta saorga ar ardán an-mhór ar líne ainmnithe nó inneall cuardaigh an-mhór ar líne ainmnithe iad nó atá comhtháite in ardán an-mhór ar líne ainmnithe nó in inneall cuardaigh an-mhór ar líne ainmnithe de réir bhrí Rialachán (AE) 2022/2065.

Agus a cúraimí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin faoin gcéad fhomhír á bhfeidhmiú ag an Oifig um Intleacht Shaorga, beidh cumhachtaí uile údaráis faireachais margaidh dá bhforáiltear sa Roinn seo agus i Rialachán (AE) 2019/1020 aici. Tabharfar de chumhacht don Oifig um Intleacht Shaorga bearta agus cinntí iomchuí a dhéanamh chun a

cumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a fheidhmiú go leordhóthanach. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/1020.

Rachaidh na húdaráis a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcomhar go gníomhach maidir le feidhmiú na gcumhachtaí sin, go háirithe i gcás inar gá gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a dhéanamh ar chríoch Ballstáit.';

(c) cuirtear isteach na míreanna 1a go 1c seo a leanas:

'1a. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun na cumhachtaí forfheidhmiúcháin agus na nósanna imeachta um fheidhmiú na gcumhachtaí sin de chuid na hOifige um Intleacht Shaorga a shainiú, lena n-áirítear a cumas pionóis a fhorchur, amhail fíneálacha nó smachtbhannaí riaracháin eile, i gcomhréir leis na coinníollacha agus na huasteorainneacha a shainaithnítear in Airteagal 99, maidir leis na córais intleachta saorga dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1a den Airteagal seo a chinntear nach gcomhlíonann siad an Rialachán seo, i gcomhthéacs a cúraimí faireacháin agus maoirseachta faoin Airteagal seo.'

'1b. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2019/1020 maidir le soláthraithe córas intleachta saorga dá dtagraítear i mír 1, gan dochar do chearta nós imeachta níos sonraí dá bhforáiltear sa Rialachán seo.'

'1c. Maidir le measúnuithe comhréireachta réamh-mhargaidh agus tástálacha comhréireachta réamh-mhargaidh ar chórais intleachta saorga dá dtagraítear i mír 1 a aicmítear mar chórais ardriosca agus atá faoi réir measúnú comhréireachta tríú páirtí faoi Airteagal 43, eagróidh an Coimisiún na measúnuithe agus na tástálacha sin agus déanfaidh sé iad sula gcuirfear na córais intleachta saorga sin ar an margadh nó i mbun seirbhíse. Fíorófar leis na tástálacha agus leis na measúnuithe sin go gcomhlíonann na córais ceanglais ábhartha an Rialacháin seo agus go bhféadfar iad a chur ar an margadh nó a chur i mbun seirbhíse san Aontas i gcomhréir leis an Rialachán seo. Féadfaidh an Coimisiún déanamh na dtástálacha nó na measúnuithe sin a chur de chúram ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra arna n-ainmniú faoin Rialachán seo, agus sa chás sin gníomhóidh an comhlacht faoina dtugtar fógra thar ceann an Choimisiúin. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 34(1) agus (2) maidir leis an gCoimisiún agus a chumhachtaí faoin mír seo á bhfeidhmiú aige.

Toibheofar na táillí le haghaidh gníomhaíochtaí tástála agus measúnaithe ar sholáthraí córais intleachta saorga ardriosca a rinne iarratas ar mheasúnú comhréireachta tríú páirtí chuig an gCoimisiún. Na costais a bhaineann leis na seirbhísí a chuireann an Coimisiún de chúram ar na comhlachtaí faoina dtugtar fógra i gcomhréir leis an Airteagal seo, íocfaidh an soláthraí go díreach leis an gcomhlacht faoina dtugtar fógra iad.';

(26) Leasaítear Airteagal 77 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

**'Cumhachtaí na n-údarás a chosnaíonn cearta bunúsacha agus comhar le húdaráis faireachais margaidh'**

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Maidir le húdaráis phoiblí náisiúnta nó comhlachtaí poiblí náisiúnta a dhéanann maoirseacht nó forfheidhmiú ar urramú na n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais lena gcosnaítear cearta bunúsacha, lena n-áirítear an ceart chun neamh-idirdhealú, beidh sé de chumhacht acu iarraidh a dhéanamh agus rochtain a fháil ar aon fhaisnéis nó doiciméadacht a chruthaíonn nó a chothaíonn an t-údarás ábhartha faireachais margaidh faoin Rialachán seo i dteanga agus i bhformáid inrochtana i gcás ina bhfuil gá le rochtain ar an bhfaisnéis nó ar an doiciméadacht sin chun a sainorduithe a chomhlíonadh go héifeachtach laistigh de theorainneacha a ndlínse.';

(c) cuirtear isteach na míreanna 1a agus 1b seo a leanas:

'1a. Faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear san Airteagal seo, tabharfaidh an t-údarás faireachais margaidh rochtain ar an bhfaisnéis nó ar an doiciméadacht sin don údarás poiblí ábhartha nó don chomhlacht poiblí ábhartha dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear tríd an bhfaisnéis nó an doiciméadacht sin a iarraidh ar an soláthraí nó ar an imlonnóir, i gcás inar gá.'

'1b. Oibreoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh agus na húdaráis phoiblí nó na comhlachtaí poiblí dá dtagraítear i mír 1 i ndlúthchomhar le chéile agus tabharfaidh siad an cúnamh frithpháirteach is gá dá chéile chun a sainorduithe féin a chomhlíonadh, d'fhonn cur i bhfeidhm comhleanúnach an Rialacháin seo agus dhlí an Aontais lena gcosnaítear cearta bunúsacha a áirithiú agus cuíchóiriú nósanna imeachta a áirithiú. Áireofar leis sin, go háirithe, malartú faisnéise i gcás inar gá chun an Rialachán seo agus reachtaíocht eile an Aontais lena mbaineann a mhaoirsiú nó a fhorfheidhmiú go héifeachtach.';

(27) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 95, mhír 4:

'4. Cuirfidh an Oifig um Intleacht Shaorga agus na Ballstáit leasanna agus riachtanais shonracha fiontar meánchaipitlithe beag agus FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus tarraingt suas cód iompair á spreagadh agus á héascú acu.';

(28) in Airteagal 96(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Agus treoirlínte den sórt sin á n-eisiúint ag an gCoimisiún, tabharfaidh sé aird ar leith ar riachtanais fiontar meánchaipitlithe beag agus FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, riachtanais údarás poiblí áitiúil agus na n-earnálacha is dóchúla a ndéanfaidh an Rialachán seo difear dóibh.';

(29) Leasaítear Airteagal 99 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo, leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis agus bearta forfheidhmiúcháin eile, lena bhféadfar rabhaidh agus bearta neamhairgeadaíochta a áireamh freisin, ar rialacha iad a bheidh infheidhme maidir le sáruithe a dhéanann oibreoirí ar an Rialachán seo, agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad go cuí agus go héifeachtach, agus ar an gcaoi sin na treoirlínte arna n-eisiúint ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 96 á gcur

san áireamh. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Cuirfidh na Ballstáit leasanna fiontar meánchaipitlithe beag agus FBManna , lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus a n-inmharthanacht eacnamaíoch san áireamh agus pionóis á bhforchur acu.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. I gcás fiontair mheánchaipitlithe beaga agus FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, déanfar gach fíneáil dá dtagraítear san Airteagal seo a uasteorannú ag na céatadáin nó an méid dá dtagraítear i míreanna 3, 4 agus 5, cibé acu is ísle.';

(30) Leasaítear Airteagal 111 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 5 dá dtagraítear in Airteagal 113(3), mír 3, pointe (a), ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hoibreoirí córas intleachta saorga ardriosca, seachas na córais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a cuireadh ar an margadh nó a cuireadh i mbun seirbhíse roimh dháta chur i bhfeidhm Chaibidil III agus oibleagáidí comhfhreagracha dá dtagraítear in Airteagal 113, ach amháin más rud é, ón dáta sin ar aghaidh, go mbeidh na córais sin faoi réir athruithe móra ar a ndearaí. I gcás ar bith, déanfaidh soláthraithe agus imlonnóirí córas intleachta saorga ardriosca atá beartaithe lena n-úsáid ag údaráis phoiblí na bearta is gá chun na ceanglais agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh faoin 2 Lúnasa 2030.';

(b) cuirtear an mhír 4 seo a leanas leis:

'4. Soláthraithe córas intleachta saorga, lena n-áirítear córais intleachta saorga ilchuspóireacha, a ghineann ábhar sintéiseach fuaime, íomhá, físe nó téacs, a cuireadh ar an margadh roimh an 2 Lúnasa 2026, déanfaidh siad na bearta is gá chun Airteagal 50(2) a chomhlíonadh faoin 2 Feabhra 2027.';

(31) Leasaítear Airteagal 113 mar a leanas:

(a) sa tríú mír, cuirtear pointe (d) isteach:

'(d) Beidh feidhm ag Caibidil III, Ranna 1, 2 agus 3, tar éis cinneadh ón gCoimisiún a ghlacadh lena ndeimhnítear go bhfuil bearta leordhóthanacha ar fáil chun tacú le Caibidil III a chomhlíonadh, ó na dátaí seo a leanas:

(i) 6 mhí tar éis ghlacadh an chinnidh sin maidir le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(2) agus Iarscríbhinn III, agus

(ii) 12 mhí tar éis ghlacadh an chinnidh maidir le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(1) agus Iarscríbhinn I.

In éagmais ghlacadh an chinnidh de réir bhrí fhomhír 1, nó i gcás inar luaithe na dátaí thíos ná na dátaí i ndiaidh ghlacadh an chinnidh sin, beidh feidhm ag Caibidil III, Ranna 1, 2 agus 3:

(i) an 2 Nollaig 2027 maidir le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(2) agus Iarscríbhinn III, agus

(ii) an 2 Lúnasa 2028 maidir le córais intleachta saorga a aicmítear mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6(1) agus Iarscríbhinn I.';

(b) sa tríú mír, cuirtear pointe (e) isteach:

' 3. Beidh feidhm ag Airteagail 102 go 110 ón [dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].';

(32) in Iarscríbhinn VIII, scriostar roinn B;

(33) cuirtear an Iarscríbhinn XIV seo a leanas isteach:

**'Iarscríbhinn XIV**

**An liosta cód, catagóirí agus cineálacha comhfhreagracha córas intleachta saorga chun críoch an nós imeachta um fhógra a thabhairt dá dtagraítear in Airteagal 30, lena sonraítear raon feidhme an ainmniúcháin mar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra**

1. Réamhrá

D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le rannpháirtíocht comhlachtaí um measúnú comhréireachta chun measúnú comhréireachta a dhéanamh ar chórais intleachta saorga ardriosca faoin Rialachán seo. Ní fhéadfaidh ach comhlachtaí um measúnú comhréireachta arna n-ainmniú i gcomhréir leis an Rialachán seo measúnuithe comhréireachta a dhéanamh agus ní féidir leo measúnuithe a dhéanamh ach le haghaidh na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis na cineálacha córas intleachta saorga lena mbaineann agus lena n-aghaidh sin amháin. Leis an liosta cód, catagóirí agus cineálacha comhfhreagracha córas intleachta saorga, leagtar síos raon feidhme ainmniú na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta faoina dtugtar fógra faoi Airteagal 30 den Rialachán seo.

2. An liosta cód, catagóirí agus córas intleachta saorga comhfhreagrach

***<u>1. Córais intleachta saorga atá faoi réir Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga</u>***

| **Cód AIA** | |
|---|---|
| **AIP 0101** | Córais intleachta saorga atá faoi réir Iarscríbhinn I.A.1. a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. |
| **AIP 0102** | Córais intleachta saorga atá faoi réir Iarscríbhinn I.A.2. a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. |
| **AIP 0103** | Córais intleachta saorga atá faoi réir Iarscríbhinn I.A.3. a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. |
| **AIP 0104** | Córais intleachta saorga atá faoi réir Iarscríbhinn I.A.4. a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. |
| **AIP 0105** | Córais intleachta saorga atá faoi réir Iarscríbhinn I.A.5. a ghabhann |

| | |
|---|---|
| | leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. |
| **AIP 0106** | Córais intleachta saorga atá faoi réir Iarscríbhinn I.A.6. a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. |
| **AIP 0107** | Córais intleachta saorga atá faoi réir Iarscríbhinn I.A.7. den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. |
| **AIP 0108** | Córais intleachta saorga atá faoi réir Iarscríbhinn I.A.8. a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. |
| **AIP 0109** | Córais intleachta saorga atá faoi réir Iarscríbhinn I.A.9. a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. |
| **AIP 0110** | Córais intleachta saorga atá faoi réir Iarscríbhinn I.A.10. a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. |
| **AIP 0111** | Córais intleachta saorga atá faoi réir Iarscríbhinn I.A.11. a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. |
| **AIP 0112** | Córais intleachta saorga atá faoi réir Iarscríbhinn I.A.12. a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. |

2. ***Córais intleachta saorga atá faoi réir Iarscríbhinn III.1 a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga***

| **Cód AIA** | |
|---|---|
| **AIB 0201** | Córais cian-sainaitheanta bithmhéadraí faoi Iarscríbhinn III.1.a. a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga atá beartaithe lena gcur i mbun seirbhíse ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais. |
| **AIB 0202** | Córais intleachta saorga le haghaidh catagóiriú bithmhéadrach faoi Iarscríbhinn III.1.b. den Ghníomh um an Intleacht Shaorga atá beartaithe lena gcur i mbun seirbhíse ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais. |
| **AIB 0203** | Córais intleachta saorga le haghaidh aithint mothúchán faoi Iarscríbhinn III.1.c. den Ghníomh um an Intleacht Shaorga atá beartaithe lena gcur i mbun seirbhíse ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais. |
| **AIB 0204** | Córais cian-sainaitheanta bithmhéadraí faoi Iarscríbhinn III.1.a. den Ghníomh um an Intleacht Shaorga atá beartaithe lena gcur i mbun seirbhíse ag údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis inimirce nó údaráis tearmainn. |
| **AIB 0205** | Córais intleachta saorga le haghaidh catagóiriú bithmhéadrach faoi Iarscríbhinn III.1.b. den Ghníomh um an Intleacht Shaorga atá beartaithe lena gcur i mbun seirbhíse ag údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis inimirce nó údaráis tearmainn. |
| **AIB 0206** | Córais intleachta saorga le haghaidh aithint mothúchán faoi Iarscríbhinn III.1.c. den Ghníomh um an Intleacht Shaorga atá beartaithe lena gcur i mbun seirbhíse ag údaráis forfheidhmithe dlí, |

| | |
|---|---|
| | údaráis inimirce nó údaráis tearmainn. |
| **AIB 0207** | Córais cian-sainaitheanta bithmhéadraí faoi Iarscríbhinn III.1.a. den Ghníomh um an Intleacht Shaorga (ginearálta). |
| **AIB 0208** | Córais intleachta saorga le haghaidh catagóiriú bithmhéadrach faoi Iarscríbhinn III.1.b. den Ghníomh um an Intleacht Shaorga (ginearálta). |
| **AIB 0209** | Córais intleachta saorga le haghaidh aithint mothúchán faoi Iarscríbhinn III.1.c. den Ghníomh um an Intleacht Shaorga (ginearálta). |

3. ***Cóid a bhaineann go sonrach le teicneolaíocht intleachta saorga***

a) ***Intleacht shaorga shiombalach, sainchórais agus barrfheabhsú matamaiticiúil***

| **Cód AIA** | |
|---|---|
| **AIH 0101** | Córais intleachta saorga atá bunaithe ar loighic agus ar eolas a fhaigheann tuiscint ó eolas ionchódaithe nó ó léiriú siombalach, sainchórais |
| **AIH 0102** | Córais intleachta saorga atá bunaithe ar loighic, seachas próiseáil bhunúsach sonraí |

b) ***Meaisínfhoghlaim, seachas intleacht shaorga ilchuspóireach agus intleacht shaorga ghiniúnach módúlachta aonair***

| **Cód AIA** | |
|---|---|
| **AIH 0201** | Córais intleachta saorga a phróiseálann sonraí struchtúrtha |
| **AIH 0202** | Córais intleachta saorga a phróiseálann sonraí comharthaí agus fuaime |
| **AIH 0203** | Córais intleachta saorga a phróiseálann sonraí téacs |
| **AIH 0204** | Córais intleachta saorga a phróiseálann íomhá agus físeán |
| **AIH 0205** | Córais intleachta saorga a fhoghlaimíonn óna dtimpeallacht, gan an intleacht shaorga ghníomhaíoch a chur san áireamh |

c) ***Córais intleachta saorga atá bunaithe ar intleacht shaorga ilchuspóireach nó ar intleacht shaorga ghiniúnach módúlachta aonair***

| **Cód AIA** | |
|---|---|
| **AIH 0301** | Córais intleachta saorga ghiniúnacha módúlachta aonair |
| **AIH 0302** | Córais intleachta saorga ghiniúnacha ilmhódacha, lena n-áirítear |

| | |
|---|---|
| | córais intleachta saorga atá bunaithe ar shamhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha |

*(d)* **IS Gníomhaíoch**

| **Cód AIA** | |
|---|---|
| **AIH 0401** | IS Gníomhaíoch |

3. Iarratas ar ainmniú

Úsáidfidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta na liostaí cód, catagóirí agus cineálacha comhfhreagracha córas intleachta saorga a leagtar amach san Iarscríbhinn seo agus na cineálacha córas intleachta saorga á sonrú acu san iarratas ar ainmniú dá dtagraítear in Airteagal 29 den Rialachán seo.'.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1139**

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 mar a leanas:

(1) in Airteagal 27, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Gan dochar do mhír 2, agus gníomhartha cur chun feidhme á nglacadh de bhun mhír 1 maidir le córais intleachta saorga ar comhpháirteanna sábháilteachta iad de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14], cuirfear na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil III, Roinn 2, den Rialachán sin san áireamh.';

(2) In Airteagal 31, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Gan dochar do mhír 2, agus gníomhartha cur chun feidhme á nglacadh de bhun mhír 1 maidir le córais intleachta saorga ar comhpháirteanna sábháilteachta iad de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cuirfear na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil III, Roinn 2, den Rialachán sin san áireamh.';

(3) in Airteagal 32, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh de bhun mhír 1 maidir le córais intleachta saorga ar comhpháirteanna sábháilteachta iad de réir bhrí

[14] Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), cuirfear na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil III, Roinn 2, den Rialachán sin san áireamh.';

(4) in Airteagal 36, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Gan dochar do mhír 2, agus gníomhartha cur chun feidhme á nglacadh de bhun mhír 1 maidir le córais intleachta saorga ar comhpháirteanna sábháilteachta iad de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cuirfear na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil III, Roinn 2, den Rialachán sin san áireamh.';

(5) in Airteagal 39, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh de bhun mhír 1 maidir le córais intleachta saorga ar comhpháirteanna sábháilteachta iad de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cuirfear na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil III, Roinn 2, den Rialachán sin san áireamh.';

(6) in Airteagal 50, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Gan dochar do mhír 2, agus gníomhartha cur chun feidhme á nglacadh de bhun mhír 1 maidir le córais intleachta saorga ar comhpháirteanna sábháilteachta iad de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cuirfear na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil III, Roinn 2, den Rialachán sin san áireamh.';

(7) in Airteagal 53, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Gan dochar do mhír 2, agus gníomhartha cur chun feidhme á nglacadh de bhun mhír 1 maidir le córais intleachta saorga ar comhpháirteanna sábháilteachta iad de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cuirfear na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil III, Roinn 2, den Rialachán sin san áireamh.'.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ..... 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ..... 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ..... 3

1.3. Cuspóirí ..... 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta ..... 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha ..... 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann ..... 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta ..... 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: ..... 4

1.5. Foras an togra/tionscnaimh ..... 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ..... 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. ..... 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ..... 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ..... 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ..... 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ..... 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ..... 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ..... 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ..... 8

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe ..... 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ..... 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ..... 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) ..... 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc .................................................... 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ........................................................................................ 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar........................................................................................ 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ................. 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ........................................................................................ 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar........................................... 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ............................................... 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ........ 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin ............. 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar........................................... 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ............................................... 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe ........................................................................................ 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach......................................... 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar..................................... 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha ........................................... 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach .......................................... 26
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha ........................................................................................ 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ....................................... 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.............................................................................. 28
3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam ......................................................... 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA........................................................................................ 29
4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha............................................................. 30
4.2. Sonraí ........................................................................................................................ 30
4.3. Réitigh dhigiteacha.................................................................................................... 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta .................................................................................... 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach ...................................................... 32

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2024/1689 agus (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le simpliú cur chun feidhme na rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Omnibus Digiteach maidir leis an intleacht shaorga)

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Na Líonraí Cumarsáide, an tÁbhar Digiteach agus an Teicneolaíocht;

An Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna

Baineann an tionchar buiséadach leis na cúraimí nua a chuirtear ar iontaoibh na hOifige um Intleacht Shaorga.

### 1.3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

1. An faireachán agus an mhaoirseacht a dhéanann an Oifig um Intleacht Shaorga ar chatagóirí áirithe córas intleachta saorga a neartú.

2. Éascú a dhéanamh ar chórais nuálacha intleachta saorga a fhorbairt agus a thástáil ar leibhéal an Aontais faoi dhianmhaoirseacht rialála sula gcuirfear na córais sin ar an margadh nó i mbun seirbhíse ar shlí eile.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

<u>Cuspóir sonrach Uimh. 1</u>

Feabhas a chur ar rialachas agus forfheidhmiú éifeachtach rialacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a bhaineann le córais intleachta saorga trí na cumhachtaí agus na nósanna imeachta is infheidhme a threisiú agus trí fhoráil a dhéanamh maidir le hacmhainní nua don Oifig um Intleacht Shaorga atá i gceannas ar an bhforfheidhmiú.

<u>Cuspóir sonrach Uimh. 2</u>

Foráil a dhéanamh maidir le bosca gainimh a bhunú ar leibhéal an Aontais, lena gcumasófar gníomhaíochtaí agus tástáil trasteorann.

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Ba cheart do sholáthraithe intleachta saorga tairbhe a bhaint as leibhéal láraithe rialachais agus as rochtain ar bhosca gainimh ar leibhéal an Aontais le haghaidh catagóirí áirithe córas intleachta saorga, lena seachnaítear dúbláil nósanna imeachta agus costas.

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

<u>Táscaire 1</u>

An líon córas intleachta saorga a thagann faoi raon feidhme na gcúraimí faireacháin agus maoirseachta atá le déanamh ag an Oifig um Intleacht Shaorga.

<u>Táscaire 2</u>

An líon soláthraithe agus soláthraithe ionchasacha a iarrann rochtain ar an mbosca gainimh ar leibhéal an Aontais.

**1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:**

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[26]

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

**1.5. Foras an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Ba cheart na gnéithe breise atá ábhartha chun feabhas a chur ar struchtúr rialachais na hOifige um Intleacht Shaorga a bheith i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm na bhforálacha is infheidhme maidir le córais intleachta saorga.

Meastar go mbeidh an chéad bhosca gainimh de chuid an Aontais ag feidhmiú in 2028, cé gur cheart roinnt príomh-shonraí socraithe a bhunú roimh ré.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Beidh sé de chumhacht ag an Oifig um Intleacht Shaorga faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na gcóras intleachta saorga uile bunaithe ar shamhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha, i gcás ina bhforbraíonn an soláthraí céanna an tsamhail agus an córas, chomh maith le gach córas intleachta saorga atá leabaithe in ardáin nó innill chuardaigh an-mhór ar líne nó ar ardáin nó innill chuardaigh an-mhór ar líne iad, fiú má tá an córas agus soláthraí samhla intleachta saorga ilchuspóireach difriúil. Áirítear ar na cúraimí a bheadh ar an Oifig um Intleacht Shaorga a dhéanamh don réimse ollmhór córas intleachta saorga sin rochtain iomlán a iarraidh ar thacair sonraí doiciméadachta, oiliúna/bailíochtúcháin/tástála, agus, i gcás inar gá, cód foinseach na gcóras intleachta saorga ardriosca, maoirseacht a dhéanamh ar thástáil faoi fhíordhálaí domhanda, rioscaí a shainaithint agus a mheas, déileáil le teagmhais thromchúiseacha, bearta coisctheacha agus ceartaitheacha a dhéanamh agus comhar leis na húdaráis náisiúnta faireachais margaidh á áirithiú an tráth céanna, déileáil le córais intleachta saorga a aicmíonn an soláthraí mar chórais nach córais ardriosca iad, déileáil le gearáin maidir le neamhchomhlíonadh, agus pionóis a fhorchur. Thairis sin, chun rochtain ar an margadh a cheadú do chórais intleachta saorga faoi

[26] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

raon feidhme na forála seo atá faoi réir measúnú comhréireachta tríú páirtí réamh-mhargaidh faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga freisin, is í an Oifig um Intleacht Shaorga an comhlacht freagrach chun measúnuithe comhréireachta a dhéanamh. Éilítear leis na gníomhaíochtaí uile sin acmhainní agus sraith nósanna imeachta forfheidhmiúcháin atá le forbairt agus le cur chun feidhme, chomh maith leis an tacaíocht theicniúil iomchuí chun measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar chórais.

Is éard a bheadh i gceist le ról na hOifige um Intleacht Shaorga maidir le comhlíonadh a áirithiú ná sineirgí a áirithiú leis an meastóireacht ar shamhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha, rud a neartódh na meastóireachtaí foriomlána ar shamhlacha agus ar chórais a sholáthraíonn an soláthraí céanna. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí tuiscint níos cuimsithí a fháil ar na córais intleachta saorga agus ar na rioscaí a bhaineann leo, lena bhféadfaí faireachán agus forfheidhmiú níos éifeachtaí a dhéanamh. Chomh maith leis sin, beidh ar an Oifig um Intleacht Shaorga breithniú a dhéanamh ar na dúshláin uathúla a bhaineann leis an intleacht shaorga ghníomhaíoch, ar féidir léi oibriú go neamhspleách agus cinntí a dhéanamh a bhféadfadh iarmhairtí nach beag a bheith acu, agus straitéisí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin i gcomhréir le beartais an Choimisiúin.

Dá gcuirfí feabhas ar rialachas na hOifige um Intleacht Shaorga, bheadh go leor tairbhí ann do rialáil na gcóras intleachta saorga san Aontas. Ceann de na príomhbhuntáistí is ea an chomhsheasmhacht agus an comhleanúnachas a d'áiritheofaí leis agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga á chur i bhfeidhm ar fud an Aontais. Trí údarás aonair a bheith ann a dhéanann maoirseacht ar chur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga maidir le catagóirí áirithe córas intleachta saorga, laghdófaí go mór an riosca go mbeadh léirmhínithe agus cinntí ag teacht salach ar a chéile, rud a thabharfadh soiléireacht agus cinnteacht do chuideachtaí atá ag feidhmiú san Aontas.

Ina theannta sin, shimpleodh sé sin an tírdhreach rialála do chuideachtaí, toisc nach mbeadh orthu déileáil ach le rialtóir amháin, seachas le húdaráis náisiúnta iomadúla. Leis sin, laghdófaí an chastacht agus an t-ualach riaracháin a bhaineann le dul i ngleic le creataí rialála éagsúla, rud a chuirfeadh ar chumas cuideachtaí díriú ar an nuálaíocht agus ar an bhfás. Leis an gcur chuige láraithe, d'fhéadfaí saineolas speisialaithe a fhorbairt laistigh den Choimisiún maidir le córais intleachta saorga agus samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha, lena bhféadfaí faireachán agus forfheidhmiú níos éifeachtaí a dhéanamh ar an nGníomh um an Intleacht Shaorga.

Sheachnófaí leis an gcur chuige sin gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin náisiúnta éagsúla maidir leis na córais intleachta saorga lena mbaineann, rud a d'fhéadfadh ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a bheith mar thoradh air agus deimhneacht dhlíthiúil a laghdú d'oibreoirí. Chomh maith leis sin, thabharfaí aghaidh ar na dúshláin atá roimh na Ballstáit maidir le hacmhainní speisialaithe a fháil chun foireann a sholáthar dá n-údaráis atá freagrach as an nGníomh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme agus as maoirseacht a dhéanamh ar chórais intleachta saorga laistigh dá gcríocha. Trí chumhachtaí na n-údarás faireachais margaidh a lárú laistigh den Oifig um Intleacht Shaorga, chuirfeadh an cás sin ar a cumas don Oifig um Intleacht Shaorga freagracht a ghlacadh as meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar chórais chasta intleachta saorga a sholáthraíonn an soláthraí samhla céanna, chomh maith le córais intleachta saorga atá comhdhéanta d'ardáin nó leabaithe iontu, rud a mhaolódh an t-ualach ar na húdaráis náisiúnta. Leis sin, dhéanfadh an saineolas atá ag an Oifig um Intleacht Shaorga cheana a ghiaráil maidir

le meastóireacht a dhéanamh ar shamhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha agus faireachán a dhéanamh ar a gcomhlíontacht, rud a chruthódh comhchruinniú uathúil eolais agus cumas speisialaithe. Mar thoradh air sin, is maith a bheadh an Oifig um Intleacht Shaorga in ann maoirseacht chomhsheasmhach agus éifeachtach a sholáthar, agus tacú leis na Ballstáit an tráth céanna ina n-iarrachtaí an Gníomh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme agus timpeallacht rialála chomhchuibhithe a áirithiú ar fud an Aontais. Agus na cúraimí breise sin á láimhseáil ag an Oifig um Intleacht Shaorga, d’fhéadfadh na húdaráis náisiúnta díriú níos mó ar a ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga, lena bhféadfaí acmhainní a leithdháileadh ar bhealach níos éifeachtúla agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí ar fud an Aontais.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Leis an taithí atá ag an gCoimisiún Eorpach ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a fhorfheidhmiú, cuirtear ceachtanna luachmhara ar fáil is féidir a chur i bhfeidhm maidir le forfheidhmiú an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Go háirithe, is gnéithe ábhartha sa chomhthéacs sin iad creat forfheidhmiúcháin láidir trédhearcach a bhunú, ina leagtar amach nósanna imeachta soiléire chun sáruithe ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a imscrúdú agus chun aghaidh a thabhairt orthu agus an dlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta, chun a áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a chomhordú agus go mbeidh siad éifeachtach.

Is léir ó thaithí an Choimisiúin ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a fhorfheidhmiú gur féidir leis an gcur chuige sin a bheith éifeachtach maidir le comhlíonadh a chur chun cinn agus cearta úsáideoirí a chosaint. Mar shampla, tá gníomhaíocht déanta ag an gCoimisiún cheana féin i gcoinne roinnt ardáin ar líne maidir le sáruithe ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus d’oibrigh sé le húdaráis náisiúnta chun treoraíocht agus dea-chleachtais maidir le comhlíonadh a fhorbairt.

Trí chur leis na ceachtanna a foghlaimíodh ón nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a fhorfheidhmiú, is féidir leis an gCoimisiún creat forfheidhmiúcháin éifeachtach a fhorbairt don Ghníomh um an Intleacht Shaorga lena gcuirtear comhlíonadh chun cinn, agus lena dtacaítear le héiceachóras IS iontaofa agus nuálach a fhorbairt san Aontas. Is éard a bheidh i gceist leis sin feabhas a chur ar ról forfheidhmiúcháin na hOifige um Intleacht Shaorga chun faireachán agus maoirseacht chuí a dhéanamh ar chatagóirí áirithe córas intleachta saorga, agus oibriú go dlúth leis na húdaráis náisiúnta chun a áirithiú go bhforfheidhmeofar an Gníomh um an Intleacht Shaorga ar bhealach comhsheasmhach éifeachtach.

Ba cheart breathnú ar an bhféidearthacht foráil a dhéanamh maidir le bosca gainimh ar leibhéal an Aontais mar chomhlánú ar na boscaí gainimh a bhunaítear ar leibhéal náisiúnta agus ba cheart í a chur chun feidhme ar bhealach chun comhar trasteorann idir na húdaráis inniúla náisiúnta a éascú.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Mar thoradh ar na leasuithe atá beartaithe ar an nGníomh um an Intleacht Shaorga laistigh den tionscnamh seo, thiocfadh méadú nach beag ar an líon córas intleachta saorga atá faoi réir fhaireachán agus mhaoirseacht na hOifige um Intleacht Shaorga, agus thiocfadh méadú comhfhreagrach ar an líon córas a d’fhéadfadh a bheith

incháilithe chun páirt a ghlacadh i mbosca gainimh ar leibhéal an Aontais. Chun an leathnú sin a bhainistiú go héifeachtach, tá sé ríthábhachtach feidhm rialála agus chomhordúcháin na hEorpa a neartú, mar a mholtar sa tionscnamh seo. Chuirfeadh an t-atreisiú sin ar chumas na hOifige um Intleacht Shaorga maoirseacht éifeachtúil a dhéanamh ar líon méadaitheach na gcóras intleachta saorga, comhlíonadh an chreata rialála a áirithiú, agus timpeallacht thacúil a chur ar fáil don nuálaíocht agus don tástáil tríd an mbosca gainimh ar leibhéal an Aontais.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

An fhoireann a leithdháiltear, déanfaidh an Oifig um Intleacht Shaorga iarracht cuid den fhoireann sin a ath-imlonnú ach ní fhéadfadh sí é a dhéanamh ach go páirteach (15 FTE) toisc go bhfuil an fhoireann leithdháilte go hiomlán faoi láthair ar chúraimí atá nasctha go díreach le cur chun feidhme tráthúil agus cur chun feidhme ceart an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a áirithiú. Beidh gá le hacmhainní nua (meastar go mbeidh 38 FTE breise ann) chun na cúraimí forfheidhmiúcháin nua a fheidhmiú go héifeachtúil.

Go háirithe, tá sé beartaithe ag an Oifig um Intleacht Shaorga comhghleacaithe, a bhfuil saineolas dlíthiúil agus nós imeachta acu, a shainaithint ar féidir leo páirt a ghlacadh sna cúraimí forfheidhmiúcháin nua atá ar na bacáin. Ag an gcéim seo, measaimid gur féidir thart ar chúigear ball foirne ar conradh a bhfuil próifílí ábhartha acu a ath-imlonnú chun na críche sin.

Ina theannta sin, déanfaidh an Oifig um Intleacht Shaorga iarracht cúigear oifigeach a ath-imlonnú.

Tá sé beartaithe ag an Oifig um Intleacht Shaorga an bosca gainimh ar leibhéal an Aontais le haghaidh córais intleachta saorga a thagann faoina faireachán in 2028 a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena bhféadfaí triúr ball foirne ar conradh a ath-imlonnú, a bhfuil gá leo chun an bosca gainimh a chur ar bun agus a reáchtáil. Leis an gcur chuige céimnithe sin, bheifí in ann acmhainneacht oibríochtúil iomlán an bhosca gainimh a áirithiú faoi 2028 agus chomh maith leis sin, tabharfar an t-am don Oifig um Intleacht Shaorga go háirithe, an fhoireann is oiriúnaí a shainaithint, an cúram sin a chumhdach agus bainistiú cuí tionscadal a áirithiú chun forbairt, oiliúint, tástáil agus bailíochtú córas nuálach intleachta saorga a éascú.

Ina theannta sin, féachfaidh an Oifig um Intleacht Shaorga ar dheiseanna chun raon feidhme uirlisí TF a leathnú (atá sa chéim forbartha nó réamhsheolta den chuid is mó faoi láthair) lena dtacaítear leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga chun gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin ábhartha nua a chumhdach freisin (i.e. láimhseáil cásanna, clárlann an chórais intleachta saorga, faireachán agus tuairisciú, malartú faisnéise leis na húdaráis). Ath-imlonnófar 2 FTE ag a bhfuil próifílí TF agus riaracháin chun na huirlisí TF sin a bhainistiú. Chuideodh sé sin leis na riachtanais bhainistíochta a bhaineann leis na cúraimí nua a chumhdach go páirteach.

Ar an iomlán, leis na hiarrachtaí sin i leith ath-imlonnú agus leis na sineirgí sin, cuideofar le haghaidh a thabhairt ar roinnt de na riachtanais maidir le foireann a fháil le haghaidh na gcúraimí forfheidhmiúcháin nua, agus beidh gá le hacmhainní breise chun cur chun feidhme éifeachtach an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a áirithiú.

Maoineofar baill foirne bhreise faoi thacaíocht an Chláir don Eoraip Dhigiteach, ós rud é go rannchuidíonn cuspóirí na leasuithe atá beartaithe go díreach le

príomhchuspóir amháin an chláir don Eoraip Dhigiteach — lena gcuirtear dlús le forbairt agus le cur in úsáid na hintleachta saorga san Eoraip.

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2026 go 2027,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

– ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐·comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar

ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

I mí Lúnasa 2029, déanfar athbhreithniú agus meastóireacht leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga ina iomláine ar na diúscairtí neartaithe. Tuairisceoidh an Coimisiún torthaí na meastóireachta do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

### 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Leis an rialachán, treisítear an beartas Eorpach maidir le rialacha comhchuibhithe chun córais intleachta saorga a sholáthar sa mhargadh inmheánach agus urraim don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha á háirithiú an tráth céanna. Leis an maoirseacht aonair shimplithe, áirithítear comhsheasmhacht le haghaidh cur i bhfeidhm trasteorann na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo.

Chun aghaidh a thabhairt ar na cúraimí nua sin, is gá acmhainní iomchuí a sholáthar do sheirbhísí an Choimisiúin. Meastar go mbeidh gá le 53 FTE chun an rialachán nua a fhorfheidhmiú.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Comhfhreagraíonn na rioscaí do ghnáthrioscaí oibríochtaí an Choimisiúin agus cumhdaítear go leordhóthanach iad leis na gnáthnósanna imeachta um íoslaghdú riosca atá ann cheana.

*2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

Maidir leis an gcaiteachas a bhaineann le cruinnithe, de bharr an luacha ísil in aghaidh an idirbhirt (e.g. aisíocaíocht ar chostais taistil toscaire le haghaidh cruinniú), mheasfaí gur leor gnáthnósanna imeachta um rialú.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón straitéis frithchalaoise.

Leis na bearta coiscthe calaoise is infheidhme maidir leis an gCoimisiún atá ann cheana, cumhdófar aon leithreasú breise is gá maidir leis an Rialachán seo.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[27]. | ó thíortha de chuid CSTE[28] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[29] | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| 7 | 20 02 06 Caiteachas riaracháin | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | Níl | | | |
| 1 | 02 04 03 DEP maidir leis an Intleacht Shaorga | Leithreasuithe difreáilte | TÁ | NÍL | tá | NÍL |
| 1 | 02 01 30 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh an chláir don Eoraip Dhigiteach | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | tá | | tá | |

27 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

28 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

29 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

*3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

[

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 1 | |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: CNECT | | | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN CAI 2021- 2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid 02 04 03 | Gealltanais | (1a) | | | 0,500[30] | 0,500[31] | | **1,000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | 0,500 | 0,500 | **1,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | | | | | | | |

30 Tá an buiséad sin curtha in áirithe cheana féin i gClár Oibre 26-27 an Chláir don Eoraip Dhigiteach don oifig um Intleacht Shaorga

31 Tá an buiséad sin curtha in áirithe cheana féin i gClár Oibre 26-27 an Chláir don Eoraip Dhigiteach don oifig um Intleacht Shaorga

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne bhuiséid 02 01 30 01 | | (3) | | | **2,642**[32] | **6,283** [33] | **7,283** | **8,925** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair DG CNECT** | Gealltanais | =1a+1b+3 | | | **3,142** | **6,783** | **7,283** | **9,925** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | | | **2,642** | **6,783** | **7,783** | **9,925** |

| IOMLÁN | | | Bliain<br>**2024** | Bliain<br>**2025** | Bliain<br>**2026** | Bliain<br>**2027** | Tar éis 2027<br>**Tar éis 2027** | **IOMLÁN CAI 2021- 2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid 02 04 03 | Gealltanais | (1a) | | | 0,500[34] | 0,500[35] | | **1,000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | 0,500 | 0,500 | **1,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | | | | | | | |

---

32 Comhfhreagraíonn an buiséad sin do [48] FTE breise ar feadh 6 mhí [(43 ball foirne ar conradh agus 5 saineolaí ar iasacht)], **agus is í an bhonnlíne an leibhéal foirne a comhaontaíodh i gcomhthéacs nós imeachta buiséadach 2026**. Ath-leithdháilfear an buiséad in imchlúdach riaracháin an Chláir don Eoraip Dhigiteach chun na costais bhreise a chumhdach.

33 Ath-leithdháilfear an méid ó 02.0403 (intleacht shaorga SO2) in 2027, cuirfear an iarraidh isteach i nós imeachta buiséadach 2027.

34 Tá an buiséad sin curtha in áirithe cheana féin i gClár Oibre 26-27 an Chláir don Eoraip Dhigiteach don Oifig um Intleacht Shaorga.

35 Tá an buiséad sin curtha in áirithe cheana féin i gClár Oibre 26-27 an Chláir don Eoraip Dhigiteach don Oifig um Intleacht Shaorga.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne bhuiséid 02 01 30 01 | | (3) | | | **2,642**[36] | **6,283**[37] | **7,283** | **8,925** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair DG CNECT** | Gealltanais | =1a+1b+3 | | | **3,142** | **6,783** | **7,283** | **9,925** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | | | **2,642** | **6,783** | **7,783** | **9,925** |

]

[

| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: CNECT | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021- 2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| • Acmhainní daonna | | | | 0,940 | 0,940 | **1,880** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | 0,025 | 0,025 | **0,050** |
| **IOMLÁN AS** CNECT | Leithreasuithe | | | **0,965** | **0,965** | **1,930** |

---

36 Comhfhreagraíonn an buiséad sin do 48 FTE breise ar feadh 6 mhí [(43 ball foirne ar conradh agus 5 saineolaí ar iasacht)], **agus is í an bhonnlíne an leibhéal foirne a comhaontaíodh i gcomhthéacs nós imeachta buiséadach 2026**. Ath-leithdháilfear an buiséad in imchlúdach riaracháin an Chláir don Eoraip Dhigiteach chun na costais bhreise a chumhdach.

37 Ath-leithdháilfear an méid ó 02.0403 (intleacht shaorga SO2) in 2027, cuirfear an iarraidh isteach i nós imeachta buiséadach 2027.

| IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | | | 0,965 | 0,965 | | 1,930 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | IOMLÁN CAI 2021- 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7 | Gealltanais | | | 4,107 | 7,748 | 8,248 | 11,855 |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | | | 3,607 | 7,748 | 8,748 | 11,855 |

]

3.2.2. *An t-aschur a mheastar arna chistiú ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (níl sé seo le líonadh isteach i gcás gníomhaireachtaí díláraithe)*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Sonraigh cuspóirí agus aschuir | | | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6) | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | ASCHUIR | | | | | | | |

| ⇩ | Cineál [38] | Meán chostas | Uimh. | Costas | Uimh. | Costas | Uimh. | Costas | Uimh. | Costas | Uimh. | Costas | Uimh. | Costas | Uimh. | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[39]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

[38] Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

[39] Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. 'Cuspóirí sonracha'

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

*3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

[

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN 2021 - 2027 |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | 0,940 | 0,940 | **1,880** |
| Caiteachas riaracháin eile | | | 0,025 | 0,025 | **0,050** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | | | **0,965** | **0,965** | **1,930** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | 2,429 | 4,858 | **7,287** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | 0,213 | 1,425 | **1,638** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | **2,642** | **6,283** | **8,925** |
| | | | | | |
| | | | | | |

]

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

*3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

*3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

*[*

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 0 | 0 | 5 | 5 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)** | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY] | - sa Cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (02 01 30 01) - Lasmuigh de Cheannteideal 7 | | 0 | 0 | 48 | 48 |
| **IOMLÁN** | | **0** | **0** | **53** | **53** |

*]*

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

| | **Le cumhdach ag an bhfoireann atá** | **Foireann bhreise eisceachtúil*** |
|---|---|---|

| | **ann faoi láthair atá le fáil i seirbhísí an Choimisiúin** | **Le maoiniú faoi Cheannteideal 7 nó Taighde** | **Le maoiniú ó líne BA** | **Le maoiniú ó tháillí** |
|---|---|---|---|---|
| Poist sa phlean bunaíochta | 5 | | Ní bhaineann le hábhar | |
| Foireann sheachtrach (CA, SNEnna, INT) | 10 | | 38 | |

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Mar thoradh ar an maoirseacht lárnach a dhéanann an Oifig um Intleacht Shaorga a neartú, tiocfaidh méadú nach beag ar an líon córas intleachta saorga. Leis na leibhéil foirne atá ann faoi láthair, ní féidir na cúraimí sin a chur i gcrích, ar leibhéil iad nach bhfuil leordhóthanach ach do raon feidhme reatha na maoirseachta. |
| Pearsanra seachtrach | |

*3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

Éigeantach: na hinfheistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Cheannteideal 7 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar 'Chaiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla' is ceart na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1-6 a chur in iúl. Is é rud dá dtagraíonn an caiteachas sin an buiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ ceannach/ forbairt ardán/ uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais,

staidéir, stóráil sonraí etc). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a bheith comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 'Gnéithe digiteacha'.

| **IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021 - 2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas TF (corparáideach) | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |

3.2.6. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

Ath-leithdháilfear na méideanna ó 02.013001 caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Eoraip Dhigiteach le haghaidh 2026 agus ó 02.0403 (an intleacht shaorga SO2) le haghaidh 2027.

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

3.2.7. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | |

3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam

– ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[40] | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |

40 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

| Airteagal ………… | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

| |
|---|

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|

## 4. GNÉITHE DIGITEACHA

### 4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha

| Tagairt don cheanglas | Tuairisc ar an gceanglas | Gníomhaithe a ndéanann an ceanglas difear dóibh nó a bhfuil baint aige leo | Próisis Ardleibhéil | Catagóirí |
|---|---|---|---|---|
| Airteagal 1(5) | **Airteagal 4a a chur isteach**: Cead a thabhairt do sholáthraithe agus d'imlonnóirí córas intleachta saorga agus samhlacha intleachta saorga catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil go heisceachtúil a mhéid is gá chun brath agus ceartú claontachta a áirithiú, faoi réir coinníollacha áirithe. | Soláthraithe agus imlonnóirí córas intleachta saorga agus samhlacha intleachta saorga<br>Ábhair sonraí lena mbaineann | Próiseáil sonraí | Sonraí |
| Airteagal 1(8) | **Airteagal 11(1), an dara fomhír, a leasú**: Maidir le doiciméadacht theicniúil na gcóras intleachta saorga ardriosca is gá a tharraingt suas sula gcuirfear an córas sin ar an margadh nó i mbun seirbhíse. Tugtar pribhléidí rialála áirithe do FBManna agus do fhiontair mheánchaipitlithe bheaga a mhéid a | Soláthraithe córas intleachta saorga ardriosca (lena n-áirítear fiontair mheánchaipitlithe bheaga agus FBManna)<br>Údaráis inniúla náisiúnta<br>Comhlachtaí faoina dtugtar | Doiciméadacht theicniúil | Sonraí |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | bhaineann leis an bhfaisnéis sin a sholáthar. | fógra<br>An Coimisiún Eorpach | | |
| Airteagal 1(10) | **Lena leasaítear Airteagal 28, lena gcuirtear isteach mír (1a)**: Féadfar an deis a thabhairt do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta a dhéanann iarratas ar ainmniú iarratas aonair a chur isteach agus dul faoi nós imeachta measúnaithe aonair. | Comhlachtaí um measúnú comhréireachta<br>Na húdaráis a thugann fógra | Iarratas a chur isteach | Sonraí |
| Airteagal 1(11) | **Lena leasaítear Airteagal 29(4)**: Comhlachtaí faoina dtugtar fógra a dhéanann iarratas ar mheasúnú aonair, cuirfidh siad an t-iarratas aonair faoi bhráid an údaráis a thugann fógra. Déanfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra an doiciméadacht a thabhairt cothrom le dáta más rud é go dtarlaíonn athruithe ábhartha. | Comhlachtaí faoina dtugtar fógra<br>Údarás a thugann fógra | Iarratas a chur isteach | Sonraí |
| Airteagal 1(16) | **Lena leasaítear Airteagal 56(6):** Foilseoidh an Coimisiún a mheasúnuithe ar leordhóthanacht na gcód cleachtais. | An Coimisiún Eorpach | Foilsiú an mheasúnaithe | Sonraí |
| Airteagal 1(26) | **Lena leasaítear Airteagal 77**:<br>• **Mír 1**: Údaráis phoiblí náisiúnta/comhlachtaí poiblí náisiúnta a dhéanann maoirseacht/forfheidhmiú ar oibleagáidí dhlí an Aontais lena gcosnaítear cearta bunúsacha, féadfaidh siad iarraidh réasúnaithe a dhéanamh agus rochtain a fháil ar aon | Údaráis phoiblí náisiúnta/comhlachtaí poiblí náisiúnta a dhéanann maoirseacht/forfheidhmiú ar oibleagáidí dhlí an Aontais lena gcosnaítear cearta bunúsacha<br>Údaráis faireachais margaidh | Malartú faisnéise | Sonraí |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | fhaisnéis/doiciméadacht ón údarás ábhartha faireachais margaidh<br>• **Mír 1a**: deonóidh an t-údarás faireachais margaidh rochtain agus, i gcás inar gá, iarrfaidh sé an fhaisnéis ar an soláthraí/imlonnóir<br>• **Mír 1b**: i gcás inar gá, déanfaidh na húdaráis faireachais margaidh agus na húdaráis phoiblí/na comhlachtaí poiblí thuasluaite faisnéis a mhalartú. | Soláthraithe/imlonnóirí córas intleachta saorga | | |

**4.2. Sonraí**

*Tuairisc ardleibhéil ar na sonraí atá faoin raon feidhme*

| **Cineál sonraí** | **Tagairt do na ceanglais** | **Caighdeán agus/nó sonraíocht (más infheidhme)** |
|---|---|---|
| Catagóirí speisialta sonraí pearsanta (i gcás inar gá an phróiseáil a dhéanamh chun claontacht a bhrath/a cheartú) | Airteagal 1(5) | // |
| Doiciméadacht theicniúil le haghaidh córais intleachta saorga ardriosca | Airteagal 1(8) | Beidh sa doiciméadacht theicniúil, ar a laghad, na gnéithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. Bunóidh an Coimisiún foirm shimplithe den doiciméadacht theicniúil a bheidh dírithe ar fhiontair mheánchaipitlithe bheaga agus ar FBManna. |

| | | |
|---|---|---|
| Iarratas ar ainmniú ó chomhlachtaí um measúnú comhréireachta | Airteagal 1(10) | // |
| Iarratas ar fhógra ó chomhlacht um measúnú comhréireachta | Airteagal 1(11) | Déanfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra an doiciméadacht ábhartha a thabhairt cothrom le dáta aon uair a tharlaíonn athruithe ábhartha. |
| Measúnú ón gCoimisiún ar leordhóthanacht na gcód cleachtais | Airteagal 1(16) | // |
| Iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoi chórais intleachta saorga | Airteagal 1(26) | // |
| Faisnéis nó doiciméadacht arna hiarraidh ag údaráis phoiblí náisiúnta/comhlachtaí poiblí náisiúnta a dhéanann maoirseacht/forfheidhmiú ar oibleagáidí a bhaineann le cearta bunúsacha | Airteagal 1(26) | Le soláthar i dteanga agus i bhformáid inrochtana. |

**Ailíniú leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí**

*Míniú ar an gcaoi a bhfuil na ceanglais ailínithe leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí*

Maidir le próiseáil na gcatagóirí speisialta sonraí pearsanta, bunaítear le h**Airteagal 1(4)** go mbeidh an phróiseáil sin faoi réir coimircí iomchuí do chearta bunúsacha agus do shaoirsí bunúsacha daoine nádúrtha. Tá sé sin i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 (RGCS) agus (AE) 2018/1725 (EUDPR).

**Ailíniú le prionsabal na haonuaire**

*Míniú ar an gcaoi ar cuireadh prionsabal na haonuaire san áireamh agus ar an gcaoi ar fiosraíodh arbh fhéidir sonraí atá ann cheana a athúsáid*

Luaitear in **Airteagal 1(10)** go bhféadfar an deis a thabhairt do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta iarratas aonair a chur isteach agus

dul faoi nós imeachta measúnaithe aonair.

*Míniú ar an gcaoi a bhfuil sonraí nuachruthaithe inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte, agus ar an gcaoi a gcomhlíonann siad caighdeáin ardcháilíochta*

**Sreabha sonraí**

*Tuairisc ardleibhéil ar na sreabha sonraí*

| **Cineál sonraí** | **Tagairtí do na ceanglais** | **Gníomhaithe a sholáthraíonn na sonraí** | **Gníomhaithe a fhaigheann na sonraí** | **Truicear don mhalartú sonraí** | **Minicíocht (más infheidhme)** |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarratas ar fhógra ó chomhlacht um measúnú comhréireachta | Airteagal 1(11) | Comhlachtaí dá dtugtar fógra a ainmnítear faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I | An t-údarás a thugann fógra arna ainmniú i gcomhréir le reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I | Iarratas á dhéanamh ar mheasúnú aonair | // |
| Measúnú ón gCoimisiún ar leordhóthanacht na gcód cleachtais | Airteagal 1(16) | An Coimisiún Eorpach | An Pobal i gCoitinne | Measúnú a dhéanamh maidir leis na cóid chleachtais | Go rialta |
| Iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis | Airteagal 1(26) | Údaráis phoiblí | Údarás faireachais | Teastaíonn an fhaisnéis ó | // |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| faoi chórais intleachta saorga | | náisiúnta nó comhlachtaí poiblí náisiúnta a dhéanann maoirseacht nó forfheidhmiú ar urramú na n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais lena gcosnaítear cearta bunúsacha | margaidh | údaráis phoiblí náisiúnta/ó chomhlachtaí poiblí náisiúnta chun a sainorduithe a chomhlíonadh | |
| Faisnéis nó doiciméadacht arna hiarraidh ag údaráis phoiblí náisiúnta/comhlachtaí poiblí náisiúnta a dhéanann maoirseacht/forfheidhmiú ar oibleagáidí a bhaineann le cearta bunúsacha | Airteagal 1(26) | Údarás faireachais margaidh | Údaráis phoiblí náisiúnta nó comhlachtaí poiblí náisiúnta a dhéanann maoirseacht nó forfheidhmiú ar urramú na n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais lena gcosnaítear cearta bunúsacha | Iarraidh réasúnaithe ar rochtain ar fhaisnéis a chur isteach | // |
| Faisnéis nó doiciméadacht arna hiarraidh ag na húdaráis faireachais margaidh | Airteagal 1(26) | Údaráis faireachais margaidh | Soláthraithe/imlonnóirí córas intleachta saorga | Tá an fhaisnéis de dhíth ar an údarás faireachais margaidh chun freagra a thabhairt ar iarraidh ó údaráis phoiblí náisiúnta/ó chomhlachtaí | // |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | poiblí náisiúnta a dhéanann maoirseacht/forfheidhmiú ar oibleagáidí a bhaineann le cearta bunúsacha) | |
| Malartuithe faisnéise mar chuid den chomhar idir údaráis faireachas margaidh agus údaráis phoiblí/comhlachtaí poiblí a dhéanann maoirseacht/forfheidhmiú ar oibleagáidí a bhaineann le cearta bunúsacha | Airteagal 1(26) | Údaráis faireachais margaidh /Údaráis phoiblí/comhlachtaí poiblí | Údaráis faireachais margaidh /Údaráis phoiblí/comhlachtaí poiblí | Riachtanas malartaithe faisnéise arna shainaithint le linn an chomhair agus an chúnaimh fhrithpháirtigh | // |

**4.3. Réitigh dhigiteacha**

*Tuairisc ardleibhéil ar réitigh dhigiteacha*

| Réiteach digiteach | Tagairtí do na ceanglais | Na príomhfheidhmiúlachtaí sainordaithe | An comhlacht atá freagrach | Conas a dhéantar freastal ar an inrochtaineacht? | Conas a chuirtear an ath-inúsáidteacht san áireamh? | Úsáid teicneolaíochtaí IS (más infheidhme) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Neamhbhainteach (ní fhoráiltear leis na leasuithe atá beartaithe ar an nGníomh um an Intleacht Shaorga | | | | | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| go nglacfar réitigh dhigiteacha nua) | | | | | | |

*Míniú, i gcás gach réitigh dhigitigh, ar an gcaoi a gcomhlíonann an réiteach digiteach na beartais dhigiteacha agus na hachtacháin reachtacha is infheidhme*

**<u>Réiteach Digiteach #1</u>**

| **Beartas digiteach agus/nó earnálach (i gcás inarb infheidhme)** | **Míniú ar an gcaoi a bhfuil sé ailínithe** |
|---|---|
| ***An Gníomh um an Intleacht Shaorga*** | |
| ***Creat Cibearshlándála an Aontais*** | |
| ***eIDAS*** | |
| ***Tairseach Aonair Dhigiteach agus IMI*** | |
| ***Eile*** | |

### 4.4. Measúnú idir-inoibritheachta

*Tuairisc ardleibhéil ar na seirbhísí poiblí digiteacha a ndéanann na ceanglais difear dóibh*

| **Seirbhís phoiblí dhigiteach nó catagóir de sheirbhísí poiblí digiteacha** | **Tuairisc** | **Tagairtí do na ceanglais** | **Réiteach/Réitigh um Eoraip Idir-Inoibritheach (NEAMHBHAINTEACH)** | **Réitigh idir-inoibritheachta eile** |
|---|---|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Neamhbhainteach (ní dhéanann na leasuithe atá beartaithe ar an nGníomh um an Intleacht Shaorga difear do sheirbhísí poiblí digiteacha) | | | | |

*An tionchar atá ag na ceanglais, ó thaobh na hidir-inoibritheachta trasteorann de, i gcás gach seirbhíse poiblí digití ar leith*

**Seirbhís Phoiblí Dhigiteach #1**

| **Measúnú** | **Bearta** | **Bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann i gcónaí (más infheidhme)** |
|---|---|---|
| **Ailíniú le beartais dhigiteacha agus beartais earnálacha atá ann cheana**<br>**Liostaigh na beartais dhigiteacha agus na beartais earnálacha infheidhme a sainaithníodh** | | |
| **Bearta eagraíochtúla maidir le seirbhísí poiblí digiteacha trasteorann a sholáthar go rianúil**<br>**Liostaigh na bearta rialachais atá beartaithe** | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Bearta a glacadh chun a áirithiú go mbeidh comhthuiscint ann i leith na sonraí**<br><br>**Liostaigh na bearta sin** | | |
| **Úsáid sonraíochtaí agus caighdeán teicniúil oscailte comhaontaithe**<br><br>**Liostaigh na bearta sin** | | |

**4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach**

*Tuairisc ardleibhéil ar bhearta a thacaíonn leis an gcur chun feidhme digiteach*

| **Tuairisc ar an mbeart** | **Tagairtí do na ceanglais** | **Ról an Choimisiúin**<br>(más infheidhme) | **Gníomhaithe le bheith páirteach**<br>(más infheidhme) | **An amlíne a bhfuil coinne léi**<br>(más infheidhme) |
|---|---|---|---|---|
| Neamhbhainteach | | | | |